

TUSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

# Plean Corparáideach
# 2021 – 2023

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhfhocal | 04 |
| Maidir leis an bPlean seo | 05 |
| Maidir le Tusla An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 06 |
| Ár bhFís & Ár Misean | 16 |
| Ár Luachanna agus Ár n-iompraíochtaí | 16 |
| Spriocanna Straitéiseacha & Príomhchuspóirí 2021 – 2023 | 18 |
| Plean Corparáideach 2021 – 2023 An chur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú | 22 |
| Aguisín 1 - Gluais na dTéarmaí | 24 |
| Aguisín 2 - Leithdháileadh Buiséid Tusla de réir Catagóire Caiteachais Achomair de réir Bliana 2014 – 2020 | 25 |
| Aguisín 3 - Dualgas na hEarnála Poiblí | 26 |
| Aguisín 4 - Ár Luachanna Trí Iompraíochtaí | 28 |
| Aguisín 5 - Creat Feidhmíochta an Aire 2021 – 2023 | 29 |
| Aguisín 6 – Athbhreithniú ar Phlean Corparáideach 2018 – 2020 | 30 |
| Aguisín 7 – Bearta bonnlíne | 32 |
| Aguisín 8 – Tionscnaimh a Thacaíonn leis an gCur i bhfeidhm | 34 |




# Réamhfhocal

**Agus mé ag cur an Phlean Corparáideach seo do na trí bliana atá amach romhainn 2021-2023, i láthair tá mé dóchasach, thar ceann Bhord agus Choiste na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), maidir lena bhfuil i ndán dár gcuid oibre le páistí agus le teaghlaigh.**

Tá suas le 1.2 milliún páiste ag maireachtáil in Éirinn agus tá nach mór an oiread céanna cineál suíomh teaghlaigh i gceist. D'fhéadfadh go mbainfeadh sé siar asat a fháil amach go ndéantar, as an 1.2 milliún sin, breis agus 55,000 atreorú chuig seirbhísí cosanta agus leasa na Gníomhaireachta gach uile bhliain. Ag aon am ar bith beidh idir 18,000 agus 20,000 cás a bhaineann le páistí atá ina gcónaí ina bpobail féin idir lámha ag ár Seirbhísí. Taobh istigh de na seirbhísí altranais agus cónaitheachta a sholáthraíonn agus a eagraíonn an Ghníomhaireachta tabharfar aire do thart ar 6,000 páiste. Beidh 6,000 páiste eile a tharraingeoidh aird ár bhfoireann tacaíochta oideachais (TESS) agus a ndéanfar measúnú orthu. Déanfaidh an Ghníomhaireacht seo monatóireacht agus rialú ar chaighdeán na seirbhísí luathoideachais ar son gach páiste sa tír a úsáideann na seirbhísí sin. Is iomaí dúshlán a bhaineann leis an obair ríthábhachtacha a bhíonn ar bun ó thaobh tacaíocht do theaghlaigh agus uchtú. Sa chomhthéacs seo tá sé riachtanach go mbeadh plean, fís agus spriocanna soiléire ag an nGníomhaireacht don tréimhse amach romhainn agus sin é an fáth a bhfuil an oiread tábhachta ag baint leis bPlean Corparáideach seo. Beidh sé mar bhunús le haghaidh gach plean bliana a chuirfear ar fáil sna na trí bliana atá amach romhainn.

Chaith an Bord agus an Coiste cuid mhaith ama ag plé an chur chuige don tréimhse pleanála seo. Tá an Ghníomhaireacht faoi threoir ag an Aire tríd an gCreat Feidhmíochta, agus í ag cur i bhfeidhm na gcúraimí mar atá leagtha amach sna míreanna éagsúla reachtaíochta casta agus ina leith seo is é an príomhsprioc atá againn leanúint ar aghaidh ag cur feabhsúcháin i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. Dírigh muid go príomha sa phlean seo ar thrí réimse ina dteastaíonn athrú, Cleachtas, Nósmhaireacht agus Struchtúr. D'aithin muid ceithre sprioc agus aidhm a bhaineann leis na reimsí seo, agus cuirfear i bhfeidhm iad ar mhaithe leis na spriocanna a haithníodh a chur chun cinn. Mar a fheicfidh tú ghabhamar orainn féin gach ceann de na spriocanna a mhíniú go soiléir: Cad a dhéanfaimid, Cad a Chiallóidh sé, Conas a thomhaisfimid é.

Chun an Chleachtas a fheabhsú teastóidh, ní hamháin saineolas ár bhfoireann ghairmiúil, ach chomh maith leis sin beidh gá le timpeallacht níos rialaithe chun seasmhacht a chinntiú. Is é an bealach chun feabhas a chur ar an Nósmhaireacht ná maireachtáil de réir ár luachanna: Iontaobhas, Meas, Cineáltas agus Cumasú, rud nach bhfuil chomh simplí agus a shílfeadh duine. Leagtar amach go soiléir an iompraíocht atá riachtanach chun ár luachanna a chur i bhfeidhm. Athróidh na Struchtúir go sciobtha faoi leagan amach nua na heagraíochta atá deartha ar mhaithe leis an gcreat corparáideach agus an tseirbhís áitiúil atá riachtanach a sholáthar, rud a chabhróidh le seasmhacht ó thaobh an chleachtais, a dhéanfaidh an nósmhaireacht dheimhneach a fhorbairt agus a rachaidh i ngleic leis na dúshláin i leith an rialachais a bhí ann le blianta beaga anuas. Beidh sé Réigiún nua mar lárionad nua ag Tusla.

Bheadh faillí á dhéanamh mura n-aithneofaí go bhfuil an plean seo ag teacht amach ag am atá thar a bheith aisteach do phobal an domhain. Agus an plean á thabhairt chun críche againn, tá nach mór bliain caite againn ag maireachtáil leis an bpaindéim. Bhí drochthionchar ag Covid-19 ar go leor daoine ar fud na tíre. De bharr gur seirbhís bhunriachtanach de chuid an Rialtais í, ba mhór an dúshlán é an paindéim don Ghníomhaireacht agus is dúshlán i gcónaí é. Déanadh go leor oibre chun a chinntiú go mbeadh muid dírithe ar na rudaí ba thábhachtaí. Anois go bhfuil tuar dóchais ann tá sé níos práinní ná riamh go mbeadh plean againn, plean a chuideoidh go mór leis an bhforbairt leanúnach, ar son na mílte páiste agus teaghlach a bhíonn ag braith orainn.

Eagraíocht do na daoine atá ionainn, tá ár saineolas bunaithe ar dhaoine, tá daoine ag brath orainn agus tá an caidreamh idir daoine ag croílár ár n-idirghabhálacha. Braitheann éifeacht an phlean seo den chuid is mó ar an 5,000 duine a oibríonn gach lá, le tiomantas agus le dúthracht, sa Ghníomhaireacht seo. Le tacaíocht ón Aire, ón Roinn agus ó Bhord na Gníomhaireachta is tuar dóchais go cinnte iad na foirne seo agus na comhpháirtithe eile ar fad a oibríonn linn.



Pat Rabbitte
Chairperson





# Maidir leis an bPlean seo

## Fáilte chuig Plean Corparáideach Tusla don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2021 – 2023.

Tá súil againn go dtabharfaidh an t-eolas atá sa phlean seo léargas duit ar an obair a bhíonn ar bun ag Tusla, – an obair féin, an chaoi a ndéanann muid é, agus na rudaí a ndíreoidh muid orthu sna trí bliana atá amach romhainn ar mhaithe le feabhas a chur ar ár seirbhísí don dream a úsáideann iad. Teastaíonn ó Tusla a chinntiú go dtabharfar tacaíocht do gach teaghlach agus do gach pobal le gur féidir leanaí a choinneáil slán ó chontúirt agus chun go mbeidh fáil ag gach uile leanbh ar an aire agus ar an gcúram céanna, san am i láthair agus sa todhchaí. Tá muid bródúil as ár gcuid oibre, agus dírithe agus tiomanta ó thaobh na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn a fhorbairt agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Táimid dírithe freisin ar oibriú in éineacht lenár gcomhpháirtithe chun gur féidir seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar d'úsáideoirí. Tríd an Plean Corparáideach seo éireoidh linn ár seirbhísí oibríochta agus tacaíochta a fheabhsú agus ba cheart, mar thoradh air, go bhféadfaí eispéireas níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí na seirbhísí.

### Plean Gnó

Foilseoimid Plean Gnó sonrach le haghaidh gach bliain dá mbeidh an Plean Corparáideach seo i bhfeidhm. Tiocfaidh tú ar eolas sa Phlean Gnó maidir leis na gníomhaíochtaí a dtabharfaidh muid fúthu gach bliain agus muid ag obair chun ár spriocanna a bhaint amach. Tá Plean Gnó 2021 á fhoilsiú in éineacht leis an bplean seo.


### Buiséad Bliantúil

Bunófar próiseas meastúcháin gach bliain de thréimhse feidhme an phlean seo trína ndéanfaimid iarratas ar aon bhuiséad breise a theastóidh chun spriocanna an phlean a bhaint amach. Beidh gníomhaíochtaí an Phlean Gnó, i rith gach uile bhliain acu, bunaithe ar an mbuiséad a chuirfear ar fáil don ghníomhaireacht.

### Monatóireacht

Déanaimid monatóireacht agus measúnú gach bliain ar an dul chun cinn a bhíonn déanta ó thaobh na ngníomhaíochtaí. Tarlaíonn sé seo trí athbhreithniú ráithiúil ar ghníomhaíochtaí an Phlean Gnó, trí chomhdhálacha démhíosúla ar chomhlíonadh agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar ár dtáscairí feidhmíochta agus ár scálaí tomhais. Tabharfaidh ár dTuarascáil Bhliantúil agus ár Ráitis Airgeadais sonraí, gach bliain, maidir leis an dul chun cinn agus maidir lena mbeidh curtha i gcrích againn ar mhaithe le spriocanna an Phlean seo a bhaint amach.
Tá súil againn go dtugann an plean seo léargas soiléir ar gach a theastaíonn uainn a bhaint amach sna trí bliana amach romhainn chun ár seirbhísí a fheabhsú d'úsáideoirí. Agus thú ag léamh an phlean seo in amanna feicfidh tú téarmaí nó acrainmneacha a bhaineann go sonrach lenár seirbhísí. Déantar iad seo a aibhsiú síos tríd an bplean agus tá míniú le fáil orthu in **Aguisín 1.** Tá teacht an bplean seo chomh maith lenár bPleananna Gnó, ár dTuarascálacha Bliantúla agus ár Ráitis Airgeadais ar ár suíomh gréasáin ag **www.tusla.ie/publications.**

**Dúthrachtach agus Tiomanta i leith oibriú i bpáirt le leanaí, le teaghlaigh agus le pobail**



# Maidir le Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Freagraíonn muid do leanaí, do theaghlaigh agus do phobail trí réimse cúnaimh agus tacaíochtaí a bhíonn de dhíth ar leanaí nó ar theaghlaigh. Tá an fhreagairt seo leagtha amach ar bhealach a chinnteoidh leanúnachas agus conair comhtháite atá dírithe ar a chinntiú go bhfreagróidh muid mar is ceart agus ag an am ceart, bunaithe ar riachtanais an linbh sin. Leagadh amach na conair chomhtháite seo lena chinntiú go ndéanann muid idirghabháil a bhíonn seasmhach agus tráthúil chun tacú le riachtanais an linbh agus an teaghlach bheith a chumasaíonn an teaghlach leis na riachtanais atá acu a chomhlíonadh. Bíonn sé mar sprioc againn gcónaí cur le cumas an teaghlaigh úsáid a bhaint as a ngaolta féin agus as tacaíocht an phobail in éineacht leis na seirbhísí tacaíochta gairmiúla atá á gcur ar fáil againne. Sa chomhthéacs seo, oibríonn muid i bpáirt le gníomhaireachtaí agus le comhpháirtithe tábhachtacha eile lena chinntiú go mbeidh fáil ag leanaí agus ag a dteaghlaigh ar chur chuige comhtháite. De bharr gur cur chuige náisiúnta atá againn in ár gcleachtas is féidir a bheith cinnte go mbeidh an fhreagairt seasmhach ar fud na tíre agus go léireoidh sé luachanna agus iompraíocht ár ngníomhaireacht. Teastaíonn uainn go mbeadh a fhios ag daoine a dhéanann atreorú, go ndéanfar, beag beann ar an gcúis a bhí leis an atreorú chuig Tusla, cinneadh a bheidh tomhaiste, comhpháirteach agus a léireoidh meas agus muid ag gcuidiú muid leis an leanbh agus a theaghlach. D'fhéadfadh gur plean tacaíochta teaghlaigh a bheadh i gceist chun cuidiú le leanbh a bhfuil riachtanais bhreise aige, plean sábháilteachta sa chás go mbíonn imní orainn gur déanadh dochar do leanbh, nó plean cúraim, áit a mbeadh tréimhse lasmuigh den chúram bhaile de dhíth ar an leanbh. Soláthraíonnn Tusla tacaíochtaí oideachais freisin, tacaíocht DSGBV agus tacaíocht theiripeach chun freastal ar réimhse leathan riachtanais agus cinntíonn ár seirbhísí rialála gur áiteanna iad na seirbhísí atá sábháilte agus sona ina mbíonn na leanaí agus na daoine óga in ann a bheith ag spraoi, ag foghlaim agus ag forbairt.

**Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach Tusla ar 1 Eanáir 2014 faoin Acht um Ghníomhaireacht Leanaí agus an Teaghlach, 2013 agus soláthraíonn sé an réimse seirbhísí seo a leanas:**









# Ár Conairí Freagartha

**Conairí soiléire agus comhtháite a chuireann an fhreagairt cheart ar fáil ag an am ceart do na fáthanna cearta**




*Fíor 1: Conairí Freagartha Tusla*

Tá Tusla á rialú ag Bord, atá freagrach as treo straitéiseach na Gníomhaireachta a leagan amach agus as a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na rialuithe airgeadais cuí, na rialuithe oibriúcháin agus na comhlíontachta, chomh maith leis na nósanna imeachta i leith bainistíocht riosca. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Bhoird don Aire sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (CEDIY) maidir leis na bearta atá á gcur i bhfeidhm ar mhaithe le tosaíochtaí agus spriocanna feidhmíochta na Gníomhaireachta a bhaint amach. Tá an POF freagrach don Bhord ó thaobh fheidhmeanna na Gníomhaireachta a chomhlíonadh.

# Ár dTimpeallacht Oibre

## Bíonn tionchar ag rudaí seachtracha ar ár dtimpeallacht oibre, ar nós cúinsí sóisialta agus eacnamaíochta agus an reachtaíocht agus an rialáil. Bíonn baint acu seo a leanas leis an gcaoi a ndéanann muid ár gcuid oibre a phleanáil agus a chur i gcrích:

### Reachtaíocht agus Riachtanais Reachtúla

Mar chomhlacht reachtúil atá freagrach as cosaint agus leas leanaí in Éirinn, tá muid faoi dháil ag réimse leathan reachtaíochta agus dualgais staturory legislation, náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta iad):

- An tAcht um Chúram Leanaí, 1991
- An tAcht um Tús Áite do Leanaí 2015
- An tAcht um Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013
- An tAcht Uchtála 2010
- An tAcht Uchtála (Leasaithe), 2017
- Reachtaíocht i leith an Iarchúraim
- An tAcht um Fhoréigean Baile, 2018
- Coinbhinsiún na NA maidir le Cearta Leanaí

Tá freagrachtaí cuimsitheacha orainn faoin reachtaíocht reatha agus bíonn tionchar díreach aige sin ar sholáthar ár seirbhísí. Bhíonn cúrsaí reachtach de shíor ag forbairt agus bíonn dualgais breise orainn dá bharr seo.

Tagann an Ghníomhaireacht faoin Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY). Tar éis cinneadh de chuid an Rialtais in 2020, aistreofar dhá sheirbhís, Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla, TESS agus AERS chuig na ranna polasaí agus reachtaíochta sa Roinn Oideachais. Beidh na seirbhísí seo fós ag feidhmiú taobh istigh de Tusla. Oibreoidh Bord agus Feidhmeannas Tusla i bpáirt leis an dá Roinn in 2021 chun an t-athrú seo a éascú, lena n-áirítear an leasú ar reachtaíocht atá beartaithe agus na comhaontaithe cuí maidir le monatóireacht. Tá caidrimh oibre agus chomhoibrithe bunaithe cheana féin de bharr ar na gcinntí seo.

Tá muid tiomanta i leith oibriú ar bhonn leanúnach leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) ar an leasú ar an Acht um Chúram Leanaí 1991, ar leasúchán ar an tseirbhís Caomhnóra Ad Litem, leasuithe i réimse an cheartais teaghlaigh, leasuithe ar an reachtaíocht uchtaithe agus ar polasaithe eile de chuid an Rialtais. Tá sé i gceist againn freisin comhoibriú leis an Roinn Oideachais maidir leis an athbhreithniú ar an Acht Oideachais (Leas / welfare), 2000.´

### Obair idir ghníomhaíochtaí

Is cuid d' eiceachóras mór é Tusla a chuireann seirbhísí ar fáil do pháistí, daoine óga agus teaghlaigh. Tá freagracht ar sholáthróirí reachtúla seirbhíse amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), An Roinn Coimirce Sóisialaí, An Garda Síochána, údaráis áitiúla, an Roinn Oideachais, comhlachtaí tithíochta agus an earnáil dheonach agus phobail ar fad agus tá ionchur le bheith acu chomh maith.

Tá sé mar aidhm againn an comhordú agus an chomhoibriú a fheabhsú agus oibriú le raon gníomhaireachtaí eile chun an tseirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar d'úsáideoirí. Féachann an Ghníomhaireacht freisin leis an mbonneagar tras-rannach agus trasearnála a chuireann seirbhísí chun cinn, a uasmhéadú.

### Seirbhísí Coimisiúnaithe

Táimid tiomanta i leith na n-acmhainní ar fad atá ar fáil dúinn a úsáid ar bhealach a bheidh chomh héifeachtach, chomh cothrom, chomh comhréireach agus chomh h-inbhuanaithe agus is féidir chun go mbeidh torthaí níos fearr ag leanaí, daoine óga agus daoine fásta. Cuireann Straitéis Coimisiúnaithe Tusla tacaíocht ar fáil do bhainistíocht, d'fhoireann, do sholátharóirí agus do chomhpháirtithe Tusla le gur féidir an chuspóir thábhachtach seo a bhaint amach.

Gach bliain déanann muid os cionn €300 milliún de sheirbhísí do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta a choimisiúiniú ó ghníomhaireachtaí seachtracha, anuas ar na seirbhísí a chuireann Tusla féin ar fáil. Úsáidtear na hacmhainní airgeadais seo in éineacht le hacmhainní caipitil agus daonna, chun seachadadh ar sheirbhísí a choimisiúnú, rud a chabhraíonn linn ár bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus na cuspóirí straitéiseacha agus na príomhghníomhartha atá aitheanta i bPlean Corparáideach Tusla a chur i gcrích ar mhaithe le torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga.

### Tosca

Tháinig fás beagnach 422,680 ar dhaonra na hÉireann idir 2010 agus 2020, agus fás beagnach 80,470 (6%) ar an aois-ghrúpa ó 0 go –19 (úsáideoirí croísheirbhíse Tusla) beagnach 80,470 (6%). Glactar leis go leanfaidh daonra na hÉireann ag fás sna blianta amach romhainn mar gheall ar ghlan-inimirce, ráta breithe atá os cionn an mheáin, agus ceann de na rátaí báis is ísle san Eoraip. Cruthaíonn an t-athrú seo ar dhéimeagrafacht agus ar shocheacnamaíocht na hÉireann an- dúshlán do Tusla, mar gur tháinig méadú dá bharr ar líon na n-úsáideoirí croísheirbhíse atá ag an ngníomhaireacht. As an 1,190,502 leanbh agus 1,218,370 teaghlach atá ina gcónaí in Éirinn, tá 8.1% de na leanaí ag maireachtáil go leanúnach i mbochtaineacht, agus tá 15.3% eile i mbaol bochtaineachta.



Bhí 8,200 duine gan dídean i ndeireadh mhí na Nollag 2020 agus ba leanaí beagnach aon trian (2, 327) díobh seo. Le trí bliana anuas, tá méadú sciobtha tagtha ar líon na dteaghlach a bhíonn gan dídean agus i mí na Nollag 2020 bhí 970 teaghlach ag úsáid cóiríocht éigeandála.

Tá líon na n-inimirceach chuig an Stát ag méadú le blianta beaga anuas toisc feabhas a bheith tagtha ar an ngeilleagar. Agus Éire ag éirí níos ilchultúrtha i rith an ama, is gá dúinn cur lenár n-eolas agus lenár dtuiscint go leanúnach chun go mbeidh ar ár gcumas freastail ar riachtanais na bpobal nua seo agus tacú leo.

### Acmhainní Airgeadais

Tá an spás fioscach ina ndéantar ár seirbhísí a sheachadadh an-tábhachtach agus is dúshlán é don Ghníomhaireacht na seirbhísí sin a chur fháil laistigh den leithdháileadh. Cé gur cuireadh acmhainní suntasacha breise ar fáil don Ghníomhaireacht le blianta beaga anuas, mar sin féin, ní éiríonn linn freastal ar an nglaoch a bhíonn ar sheirbhísí. Mar gheall air seo, is gá dúinn tosaíochtaí a roghnú agus acmhainní a sholáthar do na seirbhísí sin chun go mbeidh torthaí níos fearr ann d'úsáideoirí na seirbhíse.

Déanann an Ghníomhaireacht iarracht i gcónaí Luach ar Airgead a fháil agus le linn thréimhse feidhme an phlean seo, féachfaimid le deiseanna a aithint faoina bhféadfaí acmhainní a bhaint ó sheirbhísí ardchostais cúraim agus iad a chur i dtreo cúraim agus tacaíochta eile, a bheadh coisctheach.

Beidh tionchar ag an mbuiséad a bheidh ar fáil don stát sna trí bliana atá amach romhainn ar chumas na Gníomhaireachta cuspóirí an Phlean seo a bhaint amach. Leanfaimid orainn ag obair leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) agus leis an Roinn Oideachais (mar a bhaineann le TESS agus le AEARS) lena chinntiú go mbeidh na cásanna gnó le haghaidh acmhainní breise bunaithe ar fhianaise láidir go bhfuil siad riachtanach agus go bhfuil sé ar ár gcumas seirbhísí éifeachtacha a sholáthar, chun gur féidir ár sciar d'acmhainní, atá teoranta, a uasmhéadú don tréimhse seo. Tá cur síos ar na hacmhainní airgeadais a cuireadh ar fáil don Ghníomhaireacht ó bunaíodh í i mí Eanáir 2014 leagtha amach in **Aguisín 2** den phlean seo.

### Riachtanais Rialála

Tá an rialáil agus an mhaoirseacht sheachtrach a dhéanann gníomhaireachtaí ar nós HIQA, an tOmbudsman do Leanaí, An Coimisinéir Cosanta Sonraí agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta orainn ina gcuid ríthábhachtach den bhealach ina léiríonn muid go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ó thaobh ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh agus muinín an phobail a chinntiú trí ardchaighdeán freagrachta agus trédhearcachta a léiriú agus feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí. I gcomhthéacs an éilimh ar sheirbhísí atá méadaithe, na hacmhainní atá teoranta agus an t-ualach breise a d'fhéadfadh próisis rialála a chur ar sheachadadh na seirbhísí ó lá go lá, táimid tiomanta i gcónaí d'fheabhsuithe a dhéanamh i ngach réimse. Tá muid, i rith an ama, ag déanamh dian-mhaoirseachta agus rialála ar Phlean Gníomhaíochta Straitéisí Tusla a eascraíonn as imscrúdú a rinne HIQA ar bhainistiú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Samhain 2018) ar líomhaintí maidir le mí-úsáid ghnéis ar leanaí i gcoinne daoine fásta ar ábhar imní iad, agus riachtanais an EAG (Sainghrúpa Comhairleach), a éilíonn go gcuirfeadh an Ghníomhaireacht tuilleadh fheabhais ar a cuid seirbhísí.

### Tosca Polaitiúla

Cuireann na Beartais Uile-Rialtais bonn eolais ar fáil dar gcuid oibre agus bíonn dualgaisí breise i gceist leo (e.g. Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Fearr, An Chéad Chúig: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga, agus a dTeaghlaigh 2019 - 2028). Ar mhaithe le cur i bhfeidhm na straitéisí seo de chuid an rialtais déantar gníomhartha ar leith, nó cuid de ghníomharta, a bheidh le cur i bhfeidhm ag Tusla, a shainaithint. Táimid tiomanta do bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Aire agus lena oifigigh chun a chinntiú go gcomhlíofaidh an Ghníomhaireacht a dualgais reachtúla ina leith seo.

Faoi Alt 41 (An tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013) déanann Tusla a Phlean Corparáideach a fhorbairt bunaithe ar na tosaíochtaí ardleibhéil a leagtar amach sa Chreat **Feidhmíochta** agus sna Ráitis Bhliantúla Feidhmíochta a eisíonn an tAire CEDIY **don** Ghníomhaireacht gach trí bliana agus go bliantúil faoi seach.

Ghlac an ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh an chóid.

### Eagrúchán Inmheánach

Tá forbairt á dhéanamh againn i rith an ama ar fhoireann oibre inbhuanaithe, faoina dtugtar



tacaíocht do na fostaithe agus a gcuirtear ar a gcumas a chinntiú go mbíonn an t-eolas, na scileanna agus an cumas cuí acu chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach chomh go héifeachtach agus is féidir. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2020, bhí 4,796 WTE (Coibhéis **Lánaimseartha) (foireann ghníomhaireachta san áireamh) fostaí san iomlán** againn, agus iad fostaithe i ngráid éagsúla. Bhí an líon ba mhó fostaithe in Obair Shóisialta ag 36.31%, bhí 27.33% ag obair i gCúram Sóisialta agus bhí 20.77% sna gráid Riaracháin. Bhí an chuid eile den fhoireann i mbun oibre ar fud réimsí an Oideachais agus an Leasa, Tacaíocht Teaghlaigh, Na Gráid Bhainistíochta, gairmithe sláinte eile, Altranas, Foirne Tacaíochta eile agus sa tSíceolaíocht/ Comhairleoireacht. Ag deireadh mhí na Nollag 2020, bhí 198 ball foirne gníomhaireachta san iomlán fostaithe, bhí 135 acu sin ag obair sa chúram sóisialta agus 34 acu in obair shóisialta. Ba mhéadú suntasach eile é seo ar WTE agus chuir sé leis an sciar den bhuiséad a caitheadh ar phá. I rith na dtrí bliana 2021 - 2023, tabharfar tosaíocht do sholáthar seirbhísí agus déanfar é uasmhéadú trí bhainistiú éifeachtach a dhéanamh ár mbuiséid leithdháilte pá. Cuirfimid Tusla chun cinn mar Scoth Fhostóir, a bheidh ag mealladh agus ag earcú foirne gairmiúla ardchaighdeáin chun tacú le misean na Gníomhaireachta.

Táimid tiomanta don rannpháirtíocht leanúnach le hInstitiúidí Ardoideachais, agus a bheith faoina scáth i gcomhar leis an DCEDIY, chun cur le líon na gcéimithe gairmiúla cumasacha a fhostófar in Obair Shóisialta agus i gCúram Sóisialta. Tacóimid freisin le socrúcháin do chéimithe agus cuirfimid ár seirbhísí agus ár ngníomhaireacht i láthair mar scoth fhostóir.

Leagtar béim sa Phlean Corparáideach 2021 – 2023 ar an gcaoi a bhfuil muid dírithe ar scileanna, feasacht agus inniúlachta ár bhfoirne a fhorbairt agus ag an am céanna cur lena gcumas seirbhísí comhtháite ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Cuirfimid tionscnaimh i bhfeidhm chun ár bhfoireann a fheabhsú agus a choinneáil, lena chinntiú go mbeidh an fhoireann oibre ghairmiúil againn atá riachtanach chun ár seirbhísí a sholáthar. Tríd an bhfoghlaim chomhroinnte, an chomhroinnt eolais agus an Fhorbairt Ghairmiúil Le (FGL), cinnteoidh ár bhfoireann oibre gur eagraíocht foghlama é Tusla a leanfaidh ar aghaidh ag fás agus ag seachadadh seirbhísí comhtháite ar ardchaighdeán.

Tabharfar tús áite do riachtanais éagsúla na foirne inár seirbhísí Sláinte agus déanfaimid tionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun cinn ar mhaithe le tacú leis sin i rith shaolré an phlean seo.

## Córais Cháilíochta agus Riosca

Táimid tiomanta do chur chuige láidir agus córasach i dtaca le dearbhú cáilíochta, bainistíocht faisnéise agus bainistíocht riosca trí (1) measúnú, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht agus ar shábháilteacht ár seirbhísí (2) rianú agus dul i ngleic leis na rioscaí a bhíonn aitheanta (3) córais, faisnéis agus uirlisí a sholáthar a thacóidh le feabhsú na seirbhíse. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeimid ag feabhsú go leanúnach agus go ndéanfar mbainistiú éifeachtach ar ár rioscaí trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na cláir riosca.

## Dualgas na hEarnála Poiblí

Faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannais agus Cearta an Duine (Alt 42 den Acht um Chomhionannais agus Chearta an Duine 2014) tá freagracht orainn mar chomhlacht poiblí an comhionannas a chur ar cinn, idirdhealú a chosc agus cosaint a thabhairt dár bhfostaithe, d'úsáideoirí ár seirbhísí agus do na daoine uile a mbíonn tionchar ag ár bpolasaithe agus ag ár plean orthu. Tá clár Éagsúlachta agus Cuimsithe Comhionannais (TEDI) Tusla taobh thiar de thionscnaimh a léiríonn go bhfuil an ghníomhaireacht tiomanta don chomhionannas, don éagsúlacht agus don ionchuimsitheacht. Tá sé mar sprioc ag an gclár seo go gcothódh sé nósmhaireachta agus timpeallacht oibre a bheadh tacúil agus ionchuimsitheach laistigh de Tusla ar mhaithe leis an bhfoireann ar fad.



Thacaigh Tusla, agus tacóidh sé sa todhchaí, le gníomhartha a eascraíonn as príomhstraitéisí de chuid an rialtais agus chuir sé i bhfeidhm iad, ar nós Straitéis Náisiúnta LGBT1+2018-2020 agus An Straitéis Naisiúnta um Chuimsiú Taistealaithe agus Romach 2017-2021.

Tugtar léargas faoi **Sprioc 1** ar ár dtiomantas i leith chur i bhfeidhm ghníomhartha Tusla i dtaca leis an Straitéis NTRIS. Is féidir tuilleadh eolais maidir lenár gClár TEDI agus straitéisí ESE a fháil in **Aguisín 3.**

Tá muid tiomanta i leith ár nDualgais Earnála Poiblí a chomhlíonadh agus dírítear go sonrach air seo i **Sprioc 2** den phlean seo. Tá treisiú déanta ar chearta an duine sa leagan athbhreithnithe dár luachanna agus iompraíochtaí.

**Tugtar mionsonraí ina leith seo inár Luachanna agus Iompraíochtaí atá in Aguisín**

## Cur chun cinn na Teicneolaíochta

Mar thoradh ar ár straitéisí TFC tá trasfhoirmiú digiteach suntasach curtha i bhfeidhm ar ár seirbhísí uilig ó 2018 i leith. Ceann de na príomhthionscnaimh ab ea cumasú soghluaiste a thabhairt do bhreis agus 3,000 ball foirne trí ríomhairí glúine agus fóin chliste a sholáthar dóibh. Tá Tairseach Tusla curtha i bhfeidhm againn freisin agus déanann sé digitiú ar an 'doras tosaigh' chun gur féidir le hiriseoirí, úsáideoirí ár seirbhísí agus na heagraíochtaí comhpháirtíochta dul i dteagmháil ar líne le Tusla i 13 réimse seirbhíse. Tá an Tairseach ábalta déileáil le feidhmeanna ar nós ábhair imní a chur in iúl, iarratais a dhéanamh ar mhaoiniú agus clárúcháin. A bhuíochas do NCCIS, a chuireann córas digeatach i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ó thús deireadh ar na seirbhísí cosanta agus leasa leanaí, tá muid níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ó thaobh seachadadh seirbhísí de.

Tá ár Straitéis Bainistíochta Sonraí (2019-2022) agus ár Straitéis TFC (2021-2023) ag bunú cláir uaillmhianacha oibre chun cur leis an dea-thoradh a bhí againn le trí bliana anuas agus leanfar ag cur Tusla chun cinn mar cheannródaí a bhaineann sár-úsáid as an teicneolaíocht agus as an nuálaíocht chun tacú leis an seachadadh i ngach réimse den tseirbhís. Is í an fhís atá taobh thiar de na straitéisí seo ar fad le chéile ná nach mbeidh an Ghníomhaireacht ag úsáid aon pháipéar faoin mbliain 2023, go mbeidh fáil ag gach seirbhís ar réitigh dhigiteacha sábháilte, éifeachtúil agus éasca le húsáid agus go gcuideoidh ardchaighdeán ó thaobh na bainistíochta ar shonraí le príobháideachas na dtaifead a chinntiú agus go bhféadfar teacht ar eolas a chabhróidh leis an gcinnteoireacht, an phleanáil agus an taighde ag gach leibhéal.

# An Plean Corparáideach 2021 - 2023 a fhorbairt

Ullmhaíodh an plean seo i gcomhthéacs Alt 42 den Acht um Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013 agus trí phróiseas forbartha comhoibríoch inar cuireadh san áireamh anailís a bhí déanta ar ár dtimpeallacht oibre chun príomhthosaíochtaí an Bhoird don tréimhse trí bliana atá amach romhainn a aithint, trí athbhreithniú ar ár bPlean Corparáideach 2018 – 2020, aiseolas ónár bpáirtithe leasmhara agus Creat Feidhmíochta 2021 – 2023 an Aire sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais agus Óige. Tá torthaí na hanailíse sin leagtha amach sna míreanna thíos:

### Príomhthosaíochtaí 2021 – 2023

Agus ár dtreo straitéiseach don tréimhse 2021-2023 á leagan amach againn, thugamar aird ar roinnt tosca tábhachtacha:

01 gur Gníomhaireacht reachtúil do leanaí agus do teaghlaigh muid agus go bhfuil go leor dár ngníomhartha/freagrachtaí réamhshonraithe sa dlí agus sa rialáil

02 go bhfuilimid freagrach as raon leathan casta de sheirbhísí tacaíochta, cúraim, cosanta agus oideachais a sheachadadh

03 go bhfuil roinnt dúshláin againn nach mór dúinn aghaidh a thabhairt orthu

04 go bhfuil an plean seo dírithe ar fheabhas leanúnach a chur ar chonair na forbartha ó bunaíodh an ghníomhaireacht.



Agus muid ag machnamh ar na gnéithe tábhachtacha seo le linn ullmhúchán an phlean seo, leagamar amach trí réimse straitéiseach ardleibhéil; **Cleachtas, Nósmhaireacht agus Struchtúr** ar a bhfuil ár spriocanna agus ár gcuspóirícurtha bunaithe. Tá na réimsí straitéiseacha seo idirnasctha agus tá siad dírithe ar aghaidh a thabhairt ar ár ndúshláin agus próiseas feabhsúcháin leanúnach a chinntiú.

### Creat Feidhmíochta 2021 – 2023

Cuireann an tAire sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais agus Óige Creat Feidhmíochta ar fáil do Tusla gach trí bliana. Tríd an gCreat seo, leagann an tAire síos roinnt treoirphrionsabail don Ghníomhaireacht a thugann léargas ar na tosaíochtaí agus na cuspóirí is mian leis an Aire a fheiceáil inár bPlean Corparáideach (tá teacht ar mhionsonraí na bprionsabal agus na dtosaíochtaí sin in **Aguisín 5**).

Ní mór do Tusla, agus an Plean Chorparáideach á ullmhú, an Creat Feidhmíochta a chur san áireamh, mar aon lena phríomhthosaíochtaí féin agus an t-aiseolas a thagann ó na páirtithe leasmhara, i bhforbairt an Phlean Chorparáidigh dá chuid. Tabharfaidh an tAire na tosaíochtaí a leagann an Creat Feidhmíochta amach le fios sa Ráiteas Feidhmíochta a chuirtear ar fáil don Ghníomhaireacht gach bliain agus ár bpleananna gnó á bhforbairt againn

### Athbhreithniú ar Phlean Corparáideach 2018 – 2020

Tugadh faoi athbhreithniú ar Phlean Corparáideach 2018 – 2020 chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a d'éirigh linn ó thaobh na seacht gcuspóir agus na naoi gcinn is seasca de ghníomhartha a bhí leagtha amach againn sa phlean sin. Fuaireamar amach go raibh 575 gníomh san iomlán i bPlean Gnó 2018-2019 mar thoradh ar na gcuspóirí agus ar na gníomhartha agus gur tugadh 70% díobh (404 gníomh) chun críche faoi dheireadh 2020.
Ón athbhreithniú a rinneamar, fuaireamar amach go raibh an ghníomhaireacht tar éis leibhéal suntasach gníomhaíochta a phleanáil don tréimhse 2018 – 2020 agus nach raibh an cur chuige ó thaobh na gcuspóirí de daingnithe nó comhtháite go leor, an bealach a raibh siad leagtha amach. Cé gur cuireadh cuid mhaith i gcrích sa tréimhse seo, ba dheacair tionchar na ngníomhaíochtaí a thomhas san athbhreithniú seo mar gheall ar a laghad spriocanna feidhmíochtaí a bhí ann.

Agus Plean Corparáideach 2021 - 2023 á fhorbairt againn, bhíomar airdeallach ó thaobh na ndúshlán sin agus tá cur chuige níos daingnithe agus níos comhtháite á leanacht againn maidir le forbairt na spriocanna agus na gcuspóirí agus tá feabhsuithe ar leith aitheanta againn a theastaíonn uainn a chur i gcrích tríd an bplean seo.

Tá sonraí an athbhreithnithe le fáil in **Aguisín 6** den Phlean.

### Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Táimid tiomanta do éisteacht a thabhairt do leanaí/daoine óga, tuismitheoirí, úsáideoirí eile ár seirbhísí, agus na comhpháirtithe lena n-oibrímid, lena chinntiú go mbeidh forbairt agus feabhas leanúnach á chur ar na seirbhísí a bhíonn á gcur ar fáil againn. Chuige sin, thugamar faoi phróiseas chun tuairimí ár bpáirtithe leasmhara maidir le gnéithe den Phlean Corparáideach - ár bhfís, ár misean, ár luachanna agus ár n-iompraíochtaí a chloisteáil - chomh maith le dearcadh ár bpáirtithe leasmhara a fháil i leith na réimsí fócais mar atá leagtha amach thuas (príomhthosaíochtaí 2021 – 2023).

Mar gheall ar shrianta phaindéim COVID-19, b'éigean dúinn an plean comhpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara a chur in oiriúint go mór do na srianta a bhí i bhfeidhm, agus eagraíodh i bhfoirm suirbhé, aighneachta agus fócasghrúpaí duine le duine.

Cé nach raibh an t-aiseolas ar an leibhéal a raibh súil againn leis ar dtús, tháinig 841 freagra san iomlán ón aiseolas ón Mórphobal, na hÚsáideoirí Seirbhíse, ár bPáirtithe Reachtúla, ár bhFoirne féin agus ár nGrúpaí Pobail & Deonacha agus Abhcóideachta. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh thar ceann Tusla leis an dream ar fad a thug a gcuid ama chun aiseolas a thabhairt dúinn agus le OÉG, a rinne anailís ar son Tusla ar an aiseolas sin.

**Seo an méid a dúirt tú linn:**

# Dúirt tú

## Fís agus Misean

**DÚIRT TÚ**

Níl sé soiléir cén fáth a ndéanann an Ghníomhaireacht na rudaí a dhéanann sí nó cén leas atá sí ag iarraidh a dhéanamh trína cuid gníomhartha

**RINNEAMAR**

Rinneamar uasdátú ar ár bhfís agus ar ár ráiteas misin le go mbeidh cuspóirí na Gníomhaireachta ó thaobh gach a dteastaíonn uainn a bhaint amach trí sheachadadh ár seirbhísí, soiléir do chách.





## Cumarsáid

**DÚIRT TÚ**

Tá sé deacair a theacht ar an eolas a theastaíonn i dtaobh ár gcuid seirbhísí nó freagraí a fháil ar cheisteanna a bhíonn curtha. Dúirt tú freisin gur mhaith leat tuilleadh deiseanna le haiseolas a thabhairt do Tusla chun go gcuirfí feabhas ar sheirbhísí agus go mbeadh a fhios agat cén feabhsúchán a bhí déanta de bharr do chuid an aiseolais.

**RINNEAMAR**

Táimid chun a chinntiú go mbeidh fáil go héasca ar ár gcuid faisnéise agus cinnteoimid go dtiocfaidh tú ar na freagraí a bheidh uait. Teastaíonn uainn freisin cloisteáil ónár bpáirtithe leasmhara ar fad chun gur féidir leatsa cabhrú linn leanúint ar aghaidh ag cur feabhais ar ár seirbhísí.





## Luachanna agus Iompraíochtaí

**DÚIRT TÚ**

Teastaíonn uait go bhfeicfí ár luachanna (& an iompraíocht a théann leo) léirithe sa mbealach a gcuirimid seirbhísí ar fáil

**RINNEAMAR**

Rinneamar athbhreithniú ar ár luachanna (agus na hiompraíochtaí a théann leo) chun go mbeidh na rudaí a gcreidimid iontu, agus an bealach a léirítear é seo inár gcuid oibre, soiléir.





## Feabhas ar sheirbhísí agus ar Thacaíochtaí

**DÚIRT TÚ**

- ní mór dúinn leanacht ar aghaidh ag cur feabhais ar ár gcuid seirbhísí chun go mbeidh na seirbhísí a chuirtear ar fáil do na húsáideoirí i gcónaí ar ard chaighdeán

- tá oiliúint agus forbairt leanúnach foirne an-tábhachtach ó thaobh soláthar seirbhísí de

- is gá coinneáil ag forbairt ár gcórais ICT chun a chinntiú go mbeidh siad nuálach, nasctha agus go bhfuil tacaíocht mhaith acu

**RINNEAMAR**

I measc spriocanna agus chuspóirí an Phlean seo tá:

- fáil a bheith ag leanaí, daoine óga agus teaghlaigh ar sheirbhís sheasta, ardchaighdeáin, chomhtháite ónár seirbhísí ar fad

- tacaíocht a bheith curtha ar fáil dár bhfoirne agus dá gceannairí chun cur ar a gcumas leanúint orthu ag foghlaim agus ag dul i bhfeabhas

- o mbeadh tacaíocht ag na seirbhísí ó chórais nuálacha theicneolaíochta chun go mbeidh siad níos éifeachtaí, níos cruinne a gus níos fearr ag comhlíonadh a ndualgais





## Ár Bhfís

Go dtabharfar an chumhacht agus an neart do teaghlaigh agus do phobail le leanaí a choinneáil slán.

## Ár Misean

Beimid tiomanta agus díograsach i leith oibriú i bpáirt le leanaí, le teaghlaigh agus leis na pobail chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht agus cosaint do leanaí a bhfuil cabhair uathu nó atá i mbaol agus go gcuirtear iad i dteagmháil le daoine a chosnóidh iad agus a thabharfaidh aire dá sláinte ar feadh a saoil.



# Ár Luachanna agus Ár nIompraíocht

### Iontaoibh

Beimid macánta, fíreannach agus freagrach agus seirbhísí á soláthar againn

Léireoimid meas ar phríobháideachas an duine

Iarrfaimid aiseolas uait agus úsáidfimid an t-eolas chun feabhas a chur orainn féin

Comhlíonfaimid ár ndualgaisí

### Meas

Caithfimid go measúil agus go ceart, cóir le daoine

Beimid ag comhoibriú agus ag oibriú i bpáirt le dreamanna eile

Beidh thionchar ag taithí agus ag tuairimí dhaoine eile orainn agus beimid ag foghlaim uathu

Déanfaimid cumarsáid ar bhealach a bheidh sothuigthe agus éistfimis lena chinntiú go dtuigimid

### Cineáltas

Beimid comhbhách agus cásmhar leo siúd a mbeidh ár gcabhair uathu

Tabharfaimid cúnamh dóibh siúd a dtuigtear dúinn cabhair a bheith de dhíth orthu

Beimid comhbhách agus cinneadh á mhíniú againn, fiú más cinneadh deacair é

### Cumasú

Déanfaimid ár míle dícheall cabhrú le daoine barr a gcumas a bhaint amach

Cinnteoimid go bhfuilimid de shíor ag foghlaim agus ag forbairt ár scileanna agus ár bhfeasacht

Oibreoimid i bpáirt lenár bpáirtithe leasmhara chun ár spriocanna coiteanna a bhaint amach

Oibreoimid go dícheallach le dreamanna eile chun teacht ar réitigh éifeachtúla





Nósmhaireacht - Struchtúr - Cleachtas

# Ár Spriocanna



**1** A chinntiú go mbeidh fáil ag leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus pobail ar fhreagairt sheasmhach, ardchaighdeáin, chomhtháite ónár seirbhísí ar fad.

**2** Seirbhís neamhspleách rialála a chur i bhfeidhm a bheidh dírithe ar shábháilteacht agus ar shláinte leanaí agus dhaoine óga trí fheabhsúcháin leanúnacha agus trí chomhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara.





**3** A chinntiú go dtugtar tacaíocht dár bhfoireann agus a gceannairí agus go ndéantar iad a chumasú chun go mbeidh siad de shíor ag foghlaim agus ag feabhsú le go mbeidh leanaí, daoine óga agus teaghlaigh in ann tairbhe a bhaint as ár seirbhísí.

**4** A chinntiú go ndéanann na córais agus na hacmhainní náisiúnta a chuireann chun cinn an comhtháthú agus an fhreagracht éascaíocht ar na foirne áitiúla agus go dtacaíonn siad leo.



# Spriocanna Straitéiseacha & Príomhchuspóirí 2021 - 2023



Leagtar amach sa Phlean seo ár gceithre sprioc chomh maith leis na cuspóirí a bhainfidh amach na spriocanna sin, faoi na téamaí feabhsúcháin: Cleachtas, Nósmhaireachta agus Struchtúr. Tá **Táscairí Feidhmíochta** leagtha amach sna míreanna seo agus tá sonraí bonnlíne leagtha amach in **Aguisín 7** den phlean. Tá sé mar aidhm ag na sonraí bonnlíne sonraí ardleibhéil, dírithe ar thorthaí a bhunú i dtaca le cuspóirí an Phlean Chorparáidigh. Cabhróidh na sonraí bonnlíne seo (eolas tosaigh) linn ár bhfeidhmíocht agus a bhfuil bainte amach againn a thomhas agus beidh sé mar theoir do na pleananna amach anseo

## 1 Á chinntiú go mbeidh fáil ag leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus pobail ar fhreagairt sheasmhach ardchaighdeáin, chomhtháite ónár seirbhísí ar fad

| | |
|---|---|
| **Cad a Dhéanfaimid** | 1.1. Cur chuige náisiúnta seasmhach a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ó thaobh ár gcleachtais sna conairí freagartha ar fad.<br>1.2. Leanúint de bheith ag cur córais dearbhaithe cáilíochta agus feabhsúcháin seirbhíse i bhfeidhm sna conairí freagartha ar fad.<br>1.3. Tacú le pleanáil bhuanseasmhach do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi chúram agus tacú lenár gcúramóirí agus lenár soláthraithe cúraim tithe cónaithe atá sábháilte agus cothaitheach a chur ar fáil, áit a bhféadfaí leanaí caidrimh a mhairfidh ar feadh a saoil a fhorbairt.<br>1.4. Oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile chun scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar leanaí, daoine óga agus daoine fásta ar tugadh drochíde dóibh agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh.<br>1.5. Leanaí agus daoine óga a chosaint ó chontúirt a bheadh ag bagairt orthu trí eolas atá riachtanach agus comhréireach a roinnt le daoine eile.<br>1.6. Leanúint ar aghaidh ag chur feabhais ar shláinte agus ar shábháilteacht na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse agus ar chomhlíonadh ár ndualgais reachtúla agus rialála.<br>1.7. Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil na daoine, na próisis agus na córais éifeachtacha agus chuí againn mar thacaíocht dár ndualgais reachtúla agus rialála agus dá gcur i bhfeidhm, tráth a mbíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil againn. |
| **Cad a Chiallóidh sé seo** | • Gheobhaidh leanaí, daoine óga, a dteaghlaigh agus a bpobail freagairt a bheidh tráthúil, comhsheasmhach agus comhtháite ónár seirbhís.<br>• Beimid ag foghlaim go leanúnach conas feabhas a chur ar fhaisnéis agus ar aiseolas agus é a úsáid ar mhaithe le feabhas a chur orainn féin.<br>• Fásfaidh leanaí agus daoine óga aníos agus iad ag aireachtáil sábháilte agus fáil acu ar líonra tacaíochta a bheidh leo ar feadh a saoil.<br>• Beidh cur chuige comhsheasmhach agus comhtháite i gceist i gcás cúram agus cóiríocht na leanaí, na ndaoine óga agus na ndaoine fásta a mbíonn drochíde tugtha dóibh.<br>• Beidh líonra tacaíochta cosantach agus eolasach ar fáil chun leanaí agus daoine óga a choinneáil slán.<br>• Beidh an fhoireann ag obair i dtimpeallacht ina bhfuil tuiscint acu féin agus ag a mbainisteoirí ar a ndualgais i leith Sláinte agus Sábháilteacht agus tiocfaidh laghdú ar an tionchar a bhíonn ag eachtraí foréigin agus ionsaithe.<br>• Beidh comhaontuithe éifeachtacha i bhfeidhm againn ó thaobh comhroinnte sonraí. Tá an fhoireann ar fad oilte agus tá rochtain acu ar shaineolas ar bhonn leanúnach, agus gheobhaidh siad an treoir, na hacmhainní agus na córais uainn a chinnteoidh go ndéanfaimid sonraí pearsanta a phróiseáil go comhsheasmhach agus i gcomhréir leis an dlí. |





| | |
|---|---|
| **Conas a thomhaisfimid é** | **Spriocanna (thar thréimhse trí bliana)**<br>• Laghdú 30% ar gach liosta feithimh náisiúnta[1]<br>• Méadú **10%** ar chomhlíonadh na gCaighdeán Náisiúnta (do Chosaint agus Leas Leanaí, Cúram Cónaithe agus Cúram Altrama)<br>**Na Gníomhaíochta a thomhas (thar thréimhse trí bliana)**<br>• Go mbeidh gach ball foirne oilte maidir le bunghnéithe an RGCS (GDPR) agus cuirfear oiliúint spriocdhírithe ar bhaill foirne ar leith a bhíonn ag obair i réimsí ardriosca próiseála sonraí<br>• Go dtiocfaidh laghdú ar líon na sáruithe sonraí thar shaolré an Phlean Chorparáidigh<br>• Go ndéanfar Tuairisciú Ráithiúil ar chríochnú DPIAanna agus as chuir atá bainteach leo a dtugann an Grúpa Feidhmiúcháin RGCS tús áite dóibh, bunaithe ar áitíocht agus ar riosca<br>• Go mbunófar 2 Seirbhís bhreise Barnahus i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath<br>• Go mbeidh Ráitis Shábháilteachta leagtha síos a bhainfidh go sonrach le suímh a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh, bunaithe ar áitíocht agus ar riosca<br>• Go dtiocfaidh laghdú ar líon na n-eachtra foréigin agus ciapadh sa láthair oibre thar thréimhse trí bliana<br>• Go dtabharfar tacaíocht do 28 leanbh breise faoin IRPP (Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann)[2]<br>• Go ndéanfar comhthiomsú córasach ar shonraí DSGBV sna na hearnálacha a fhaigheann tacaíocht ó Tusla agus úsáidfear é mar bonn eolais don chinnteoireacht<br>• Go bhfoilseofar Athbhreithniú Straitéiseach ar Chóiríocht Éigeandála um Fhoréigean Baile<br>• Go gcuirfear i bhfeidhm gníomhartha Tusla a eascraíonn as an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Taistealaithe agus Romach 2017 - 2021<br>• Go mbeidh léarscáil shoiléir ag gach réigiún de líonra na seirbhísí tacaíochtaí, comhairleoireachta agus teiripeacha comhtháite |

[1] beidh laghdú gach bliain bunaithe ar fhigiúirí na bliana roimhe sin

[2] Chomh maith leis na daoine óga atá i gceist cheana féin, beidh an Ghníomhaireacht ag obair leis an Roinn chun a chinntiú go ndíreofar ar chur le cumas na gclár cosanta idirnáisiúnta sin freagairt don riachtanas amach anseo.

## 2 Seirbhís neamhspleách rialála a chur i bhfeidhm * a bheidh dírithe ar shábháilteacht agus ar shláinte leanaí agus dhaoine óga trí fheabhsúcháin leanúnacha agus trí chomhoibiriú lenár bpáirtithe leasmhara

| | |
|---|---|
| **Cad a Dhéanfaimid** | 2.1. Sábháilteacht, forbairt agus folláine leanaí a chur chun cinn tríd an gcomhpháirtíocht agus an chumarsáid le páirtithe leasmhara a neartú<br>2.2. A chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha againn agus mura mbíonn seirbhísí rialaithe ag teacht leis an gcaighdeán[3] gur féidir linn é sin a aithint.<br>2.3 Faisnéis, treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do na seirbhísí rialaithe chun go mbeidh ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh |
| **Cad a Chiallóidh sé seo** | • Beimid ag obair i gcomhar le tuismitheoirí agus le páirtithe leasmhara chun ár seirbhísí rialaithe a phleanáil agus a sholáthar<br>• Tacóimid leis na seirbhísí rialaithe chun go mbeidh ar a gcumas na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach<br>• Spreagfaimid gach seirbhís rialaithe le díriú ar chaighdeáin a fheabhsú |
| **Conas a thomhaisfimid é** | **Spriocanna (thar thréimhse trí bliana)**<br>• Cigireacht a dhéanamh gach bliain ar sheirbhís ardriosca<br>• Cigireacht a dhéanamh ar na Seirbhísí Luathoideachais ar a laghad uair amháin taobh istigh den tréimhse cláraithe trí bliana<br>• Laghdú 30% a chur ar líon na leanaí a bhíonn ag fanacht ar mheasúnú don scolaíocht bhaile<br>• Cigireacht a dhéanamh ar gach Ionad Cónaithe Príobháideach, ar a laghad, uair sa bhliain<br>**Bearta Gníomhaíochta (thar thréimhse trí bliana)**<br>• Leathnófar an mhodheolaíocht chigireachta chun tuairimí tuismitheoirí a chur san áireamh<br>• Tabharfar chun críche an Straitéis 5 bliana um Ráiteas Cumhdach Leanaí<br>• Bunófar Fóram do Sholáthraithe Luathoideachais iolracha (> trí sheirbhís)<br>• Cuirfear tús le cigireacht a dhéanamh ar chúram do leanaí atá in aois scoile bunaithe ar Fhaisnéis Gan Iarraidh<br>• Beidh creidiúnú seachtrach bainte amach don Chigireacht Luathbhlianta<br>• Tar éis na cigireachta foilseofar eolas maidir le líon (%) na seirbhísí luathbhlianta a chomhlíon na rialacha<br>• Foilseoidh Tusla tuarascáil gach bliain ar ghníomhaíocht an Phainéil Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Clárúcháin (NREP) |

[3] *Bogfaidh dhá cheann de Sheirbhísí Rialála Tusla chuig ranna beartais agus reachtaíochta na Roinne Oideachais (DoE) in 2021

## 3 A chinntiú go dtugtar tacaíocht dar bhfoireann agus a gceannairí agus go ndéantar iad a chumasú chun go mbeidh siad de shíor ag foghlaim agus ag feabhsú le go mbeidh leanaí, daoine óga agus teaghlaigh in ann tairbhe a bhaint as ár seirbhísí

| | |
|---|---|
| **Cad a Dhéanfaimid** | 3.1. Measúnú, gníomhú agus athbhreithniú a dhéanamh i leith chur i bhfeidhm ár luachanna agus ár n-iompraíochtaí agus a chinntiú go bhfuil Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine á chur i bhfeidhm<br>3.2. Plean straitéiseach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don Ghníomhaireacht a spreagfaidh tuilleadh taighde i réimse na meastóireachta ar thorthaí agus thionscadail taighde a bhfuil tosaíocht acu a choimisiúnú<br>3.3. Foireann oibre inbhuanaithe a fhorbairt, áit a ndéanfar fostaithe a earcú agus a choinneáil agus a dtabharfar tacaíocht dóibh chun go mbeidh na scileanna agus an cumas cuí acu le seirbhísí ardchaighdeáin, comhtháite a sholáthar<br>3.4 An fhoghlaim chomhroinnte agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach don fhoireann a spreagadh agus a chur chun cinn agus tacú léi ar fud na Gníomhaireachta<br>3.5 Feabhas a chur ar chóras feidhmíochta áitiúil, réigiúnach agus naisiúnta Tusla agus úsáid á bhaint as bearta fiúntacha chun go mbeidh torthaí níos fearr ag na daoine a bhfreastalaímid orthu |
| **Cad a Chiallóidh sé seo** | • Déanfaimid beart de réir ár luachanna agus ár n-iompraíochtaí athbhreithnithe, agus déanfaimid tomhas, monatóireacht agus tuairisciú ar an gcaoi a bhfuilimid ag seasamh lenár ndualgas earnála poiblí mar a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine<br>• Cuirfimid feabhas ar ár gcumas torthaí a thomhas go háirithe ó thaobh leanaí faoi chúram agus déanfaimid coimisiúnú ar mheastóireacht ar an gclár leasaithe um Chosaint agus Leas Leanaí<br>• Tacófar le fostaithe, i ngach grád, chun tuiscint a fháil ar conas is féidir leo a scileanna, a n-eolas agus a n-inniúlachtaí a fhorbairt ar mhaithe lenár seirbhís agus cuirfimid an Ghníomhaireacht chun cinn mar scoth fhostóir, áit a bhfuil an fhoireann lán-tiomanta dár misean<br>• Cuirfimid tuilleadh feabhais ar ár gcumas a bheith inár n-eagraíocht foghlama ina mbíonn ár bhfoireann agus a gceannairí gníomhach ó thaobh athruithe a chur i bhfeidhm agus muid a stiúradh i dtreo ár bhfís, ár misean agus ár luachanna comhroinnte<br>• Tuigfimid an tionchar atá ag ár seirbhísí ar leanaí agus ar theaghlaigh agus bainfimid úsáid as seo mar bhonn eolais don phleanáil ar mhaithe le feabhas a chur na torthaí atá níos fadtéarmaí |
| **Conas a thomhaisfimid é** | <u>**Spriocanna (thar thréimhse trí bliana)**</u><br>• Athraitheas 0% ó **Uimhreacha Pá Inacmhainne**<br>• Coinneáil foirne a mhéadú go 96% faoi 2023<br>• An ráta neamhláithreachta a laghdú go dtí 4% faoi 2023<br>• An sprioc i leith réiteach áitiúil a fháil ar ghearáin a mhéadú 15%<br>• Nach mbeadh aon (0) ghearán ar oscailt níos faide ná 12 mhí<br><u>**Bearta Gníomhaíochta (thar thréimhse trí bliana)**</u><br>• Tionólfar 6 chomhdháil feidhmíochta dhémhíosúil in aghaidh na bliana<br>• Déanfar Córas Feidhmíochta agus Feabhsúcháin Seirbhíse a fhorbairt<br>• Déanfar Creat Torthaí a fhorbairt<br>• Beidh an Plean Taighde Straitéiseach faofa agus beidh líon iomlán na dtionscadal tosaíochta aitheanta agus/nó curtha i gcrích<br>• Feicfear breis baill foirne ag tabhairt faoi fhóram oiliúna agus roinnte<br>• Tiocfaidh méadú ar líon na gcéimithe a bheadh earcaithe ar fud na nGrád Oibrí Sóisialta agus Oibrí Cúraim Shóisialaigh<br>• Cuirfear i bhfeidhm an beartas athbhreithnithe um Fhaisnéisiú Chosanta<br>• Cuirfear i bhfeidhm an Beartas Athbhreithnithe um Bhainistíocht Riosca<br>• Cuirfear an Clár Feasachta Iompraíochtaí i bhfeidhm faoi 2023<br>• Cuirfear i bhfeidhm an creat Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine |





## 4 A chinntiú go ndéanann na córais agus na hacmhainní Náisiúnta, a chuireann chun cinn an comhtháthú agus an fhreagracht, éascaíocht ar na foirne áitiúla agus go dtacaíonn siad leo

| | |
|---|---|
| **Cad a Dhéanfaimid** | 4.1. FoireannNáisiúnta Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Sé Limistéar Seirbhíse Réigiúnacha a bhunú agus seirbhísí náisiúnta a chomhtháthú sna struchtúir rialachais réigiúnacha athbhreithnithe<br>4.2. Fóraim idirghníomhaireachta a neartú ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta (lena n-áirítear FSS & An Garda Síochána)<br>4.3. Na Straitéisí TFC agus Bainistíochta Sonraí a chur i bhfeidhm<br>4.4. Bainistíocht éifeachtach ar acmhainní airgeadais na gníomhaireachta a chinntiú<br>4.5. Cóiríocht atá oiriúnach don fheidhm atá leis a chur ar fáil chun seirbhísí sábháilte agus ardchaighdeáin a chinntiú |
| **Cad a Chiallóidh sé seo** | • Cuirfimid ár seirbhísí ar fáil de réir na treorach náisiúnta ach ag freagairt freisin do na riachtanais áitiúla agus déanfaimid athbhreithniú agus daingniú ar mhodh éifeachtach le caighdeán ár seirbhísí a fheabhsú agus riosca a laghdú<br>• Gheobhaidh leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh freagraí comhtháite ar na riachtanas atá acu (leas, cosaint, oideachas, cúram agus iarchúram) ón tseirbhís cheart, san áit cheart ag an am ceart<br>• Beidh córais nuálacha TFC ag an bhfoireann a thacóidh le seachadadh agus trédhearcacht ár gcleachtais, a éascóidh comhoibriú idirghníomhaireachta, agus a ghearrfaidh siar ar am agus ar chostais riaracháin<br>• Beidh tacaíocht ag ár seirbhísí ó chórais a úsáideann an teicneolaíocht is nuálaí chun cur le héifeachtúlacht, cruinneas agus comhlíonadh<br>• Beidh rochtain ag leanaí, daoine óga, teaghlaigh, pobail agus ár bhfoireann ar oifigí agus ar áiseanna ardchaighdeáin atá oiriúnacha don fheidhm atá leo |
| **Conas a thomhaisfimid é** | <u>**Spriocanna (deireadh na tréimhse trí bliana)**</u><br>• Beidh maoiniú ar fáil do 100% de na leanaí faoi chúram atá faoi mhíchumas de réir phrótacal Comhpháirteach FSS agus Tusla 2020<br>• Beidh 100% de na cinntí i leith na bhfógraí AGS déanta go tráthúil<br>• Ní bheidh ach athraitheas 0% ó na buiséid fhoriomlána<br>• Críochnófar 95% de na hiarratais i leith seirbhís TFC laistigh de na hamanna freagartha atá aontaithe sa Chomhaontú Seirbhíse<br>• Beidh plean bainistíochta sonraí ag 100% de na seirbhísí chun tacú lena bhfeidhmiú<br>• Beidh 90% de KPInna na gníomhaireachta á dtuairisciú go huathoibríoch ag réitigh faisnéise digiteacha gnó<br>• Tabharfaidh 90% de na seirbhísí a bhfuil Roghanna Digital First ag dul leo ar Thairseach Tusla an rogha d'úsáideoirí seirbhíse foirmeacha/aighneacht/iarratais/clárúcháin a chur isteach ar líne<br>• Beidh tacaíocht ó chórais dhigiteacha bainistíochta cásanna ag 90% leis na gníomhaíochtaí próiseála<br><u>**Bearta Gníomhaíochta (thar thréimhse trí bliana)**</u><br>• Beidh Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Sé Limistéar Seirbhíse Réigiúnacha i bhfeidhm faoi R4 2021<br>• Beidh gach seirbhís oibríochtúil náisiúnta mapáilte chuig na seirbhísí réigiúnacha i gcomhréir leis an gcreat náisiúnta seachadta<br>• Beidh tionscadail á seachadadh chuig thart ar €45m (Eastáit agus TFC)<br>• Beidh An Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais in úsáid<br>• Cuirfear i bhfeidhm Athbhreithniú leasuithe den Phróiseas Éifeachtach Rialaithe Inmheánaigh agus den Phlean Gníomhaíochta Feabhsúcháin<br>• Beidh athruithe digiteacha curtha i gcrích i gcás príomhsheirbhísí uile na Gníomhaireachta<br>• Beidh spriocanna agus cuspóirí uile TFC agus na Straitéisí Bainistíochta Sonraí curtha i gcrích<br>• Beidh cur chuige éifeachtach i leith Coimisiúnaithe i bhfeidhm sna 17 réimse ar fad<br>• Déanfar píolótú i 4 áit ar Chreat Tuairiscithe Comhtháite na Seirbhíse do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) chun feidhmíocht a thomhas |

# Plean Corparáideach 2021 - 2023 a chur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air

Leagtar amach sa phlean seo ár dtosaíochtaí, na dúshláin a bhaineann lenár dtimpeallacht oibre agus an méid atá súil againn a bhaint amach sna trí bliana 2021 – 2023. Caithfear a admháil, áfach, gur bhféadfadh go mbeadh gá rudaí a chur in oiriúint d'athruithe áirithe a tharlódh sa timpeallacht oibre le linn shaolré an phlean seo. Beidh athruithe á n-aithint againn trí mhonatóireacht agus trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár dtimpeallacht agus trí oibriú i gcomhar leis an Rialtas maidir le hathruithe a thiocfadh ar bheartais agus ar threoracha agus a mbeadh tionchar acu ar ár gcuid oibre.

Cuirfear an phlean seo i bhfeidhm trínár bPleanáil Ghnó Bhliantúil ina n-aithneofar na gníomhartha atá riachtanach chun ár spriocanna agus ár gcuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn. Déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn ó thaobh fheidhmiú an phlean tríd na hAthbhreithnithe Feidhmíochta míosúla, trí chomhdhálacha démhíosúla ar fheidhmíocht le Seirbhísí Tusla agus trí thuarascálacha ar dhul chun cinn a chuirtear faoi bhráid an Bhoird agus na tuarascálacha ráithiúla a chuirtear ar fáil don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Rannpháirtíochta agus Óige, faoin gComhaontú Maoirseachta idir an Ghníomhaireacht agus an Roinn. D'fhéadfadh go n-aithneodh an próiseas athbhreithnithe seo mionathruithe a bheadh ag teastáil chun ár spriocanna agus ár gcuspóirí a bhaint amach. Tabharfaidh na pleananna bliantúla Gnó, ina Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta, breithiúnas ina leith seo in éineacht leis an leithdháileadh buiséid don bhliain sin agus riachtanais an Aire CDEIY. Tuairisceofar ar dhul chun cinn trínár dTuarascáil Bhliantúil agus ár Ráiteas Airgeadais i gcás gach bliain de na trí bliana seo.





# Feabhsúchán agus Forbairt Leanúnach

## Pleanáil

Plean Corparáideach trí Bliana

Buiséadú Bliantúil




## Cur i bhfeidhm

Plean Gnó Bliantúil

Cláir Straitéiseacha

Pleananna Seirbhíse



## Monatóireacht agus Athbhreithniú

Athbhreithnithe Démhíosúla ar Fheidhmíocht

Comhdhálacha Démhíosúla ar Fheidhmíocht

Tuairiscí Ráithe don Bhord agus don RLCMLO

Tuarascáil Bhilantúil agus Ráitis Airgeadais



# Aguisin 1 - Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| UIMHREACHA PÁ INACMHAINNE | Ciallaíonn sé seo a chinntiú nach sáraíonn líon na mball foirne lánaimseartha agus na foirne gníomhaireachta le chéile an líon foirne atá d'acmhainn ag an ngníomhaireacht a fhostú. |
| FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH (FGL) | Is tríd an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a choinníonn gairmithe a gcuid eolais, a scileanna agus a gcumas agus a chuireann siad feabhas orthu agus trína mbíonn siad ag siad ag forbairt na gcáilíochtaí gairmiúla a theastaíonn ina saoil oibre. |
| FOIREANN BAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN | Ar an bhFhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin bíonn bainisteoirí ardleibhéil a oibríonn i bpáirt chun cúraimí na gníomhaireachta a bhainistiú, maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm spriocanna agus chuspóirí na gníomhaireachta, agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an tseachadta. |
| SPÁS FIOSCACH | Téarma atá anseo a dhéanann cur síos ar an mbuiséad a bheidh ar fáil don rialtas le caitheamh ar sheirbhísí poiblí, anuas ar an mhéid airgid atá á chaitheamh aige cheana féin. |
| CÓRAS COMHTHÁITE BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS | Is córais iad seo a chabhraíonn le bainistiú a dhéanamh ar bhuiséid, airgeadas agus cuntasaíocht na hearnála poiblí agus a fheabhsaíonn an bhainistíocht ar airgeadas poiblí (PFM). trí chlárlann láraithe d'ioncam agus de chaiteachas na hearnála poiblí. |
| CONAIRÍ COMHTHÁITE | Déanann sé seo cur síos ar sheirbhísí éagsúla a bheith nasctha le chéile sa chaoi is gur féidir leis an úsáideoir teacht go héasca ar na seirbhísí éagsúla a bheadh uaidh, amhail is gur aon seirbhís amháin a bhí ann, agus ina mbíonn tús áite tugtha dá riachtanais. |
| COMHAONTÚ MAOIRSEACHTA | Ráiteas i scríbhinn atá anseo idir an Ghníomhaireacht agus an Roinn ina leagtar amach go soiléir na nósanna imeachta a bheidh in úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. |
| COMHDHÁIL FEIDHMÍOCHTA | Is cruinniú é seo a thionóltar gach dara mí idir an POF agus seirbhísí na gníomhaireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na seirbhísí agus ag a leagtar síos pleananna chun dul i ngleic le saincheisteanna a bhainfeadh leis an bhfeidhmíocht. |
| TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | Is bearta iad na Táscairí Feidhmíochta, ar a dtugtar Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPInna) a chabhraíonn leis an ngníomhaireacht dul chun cinn i leith na spriocanna a shainiú agus a thomhas. |
| CREAT FEIDHMÍOCHTA | Is litir í seo a eisíonn an tAire gach trí bliana, ag leagan amach treoir straitéiseach don Ghníomhaireacht, maidir lena mian leis an Aire go mbainfeadh an ghníomhaireacht amach sa tréimhse sin dá Plean Corparáideach. |
| MÉADRACHT FEIDHMÍOCHTA | Cuireann an mhéadracht uimhreacha faisnéise thábhachtach ar fáil don ghníomhaireacht maidir le cé chomh maith agus atá ag éirí lenár bpróisis agus na réimsí ina bhféadfadh go mbeadh orainn feabhsú. |
| RÁITEAS FEIDHMÍOCHTA | Is é an Creat Feidhmíochta an litir a eisíonn an tAire gach bliain, ina leagann sé amach gach ar mian leis an Aire a bhainfeadh an ghníomhaireacht amach i leith a bPlean Gnó don bhliain dár gcionn. |
| CÓRAS FEIDHMÍOCHTA | Is tríd an gCóras Feidhmíochta a bhíonn an ghníomhaireacht in ann feidhmíocht a cuid seirbhísí agus na heagraíochta i gcoitinne a rianú agus monatóireacht a dhéanamh air. |
| PLEANÁIL BUANSEASMHACH | Is tríd an bpleanáil bhuanseasmhach a chinntímid go mbíonn teaghlaigh slán, seasmhach agus grámhar ag leanaí chun tacú leo le linn a n-óige agus ina dhiaidh sin. Bíonn ceithre chonair i gceist le cur chuige pleanála cúraim leanbhlárnach, atá chun buanseasmhacht don leanbh a bhaint amach, lena n-áirítear athaontú leis na teaghlach, caomhnóir a bheith ainmnithe, cúram altrama fadtéarmach agus uchtú. |
| CLÁR RIOSCAÍ | Is uirlis é an Clár Rioscaí chun rioscaí a dhoiciméadú, agus oibríonn sé chun bainistiú a dhéanamh ar gach riosca. Tá an Clár Rioscaí riachtanach d'fhonn bainistiú rathúil a dhéanamh ar rioscaí. De réir mar a aithnítear rioscaí, logáiltear isteach ar an gclár iad agus gníomhaítear mar freagairt ar an riosca. |
| FOIREANN OIBRE INBHUANAITHE | Is é atá i gceist le foireann inbhuanaithe ná timpeallacht oibre ina dtugtar tacaíocht do na fostóirí chun go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus an cumas acu chun a gcuid oibre a dhéanamh ag barr a maitheasa agus aird á thabhairt ar a sláinte ag an am céanna. |
| SEIRBHÍS THEIRIPEACH | Is seirbhísí iad na seirbhísí teiripeacha a sholáthraíonn Tusla agus atá freagrach as seirbhísí measúnaithe agus comhairleoireachta chur ar fáil do dhaoine óga atá faoi chúram speisialta nó in ionad coinneála agus dóibh siúd sa phobal a bhfuil an-chontúirt ann go mbeidh gá iad a chur faoina leithéid de chúram. |
| COIBHÉIS LÁNAIMSEARTHA (WTE) | Is aonad é WTE a úsáidtear chun daoine atá fostaithe a thomhas, bunaithe ar líon na n-uaireanta a oibríonn siad in aghaidh na seachtaine. Ní áiríonn WTE an duine aonair agus mar gheall air sin, d'fhéadfadh WTE a bheith níos lú ná 1, ach ní bheidh sé níos mó ná 1. |



# Agusisín 2 - Leithdháileadh Buiséid Tusla de réir Catagóire Caiteachais Achomair de réir Bliana: 2014 - 2020

| Leithdháileadh Buiséid | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | Athrú 2014 go 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Expenditure Type | €'m | (€'m) | (€'m) | (€'m) | €'m | (€'m) | (€'m) | (€'m) |
| **Cineál Caiteachais** | | | | | | | | |
| Pá | | | | | | | | |
| **Pá Iomlán** | 228.4 | 2636.7 | 245.5 | 270.3 | 287.6 | 300.9 | 308.5 | 80.1 |
| Neamhphá | | | | | | | | |
| Cúram Altramais agus Liúntais Eile | 115.2 | 119.4 | 121.8 | 121.8 | 121.4 | 121.4 | 121.4 | 6.2 |
| Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha | 141.3 | 139.4 | 141.9 | 147.2 | 154.8 | 159.1 | 159.5 | 18.2 |
| Cúram Príobháideach Cónaitheach & Altrama | 66.9 | 78.1 | 91.8 | 91.3 | 98.1 | 104.0 | 124.9 | 58.0 |
| Taisteal Foirne | 7.0 | 7.1 | 8.4 | 9.1 | 11.4 | 12.4 | 12.7 | 5.7 |
| Dlí | 17.5 | 29.3 | 29.0 | 28.3 | 28.3 | 28.3 | 28.3 | 10.8 |
| Costais Neamhphá Eile | 27.4 | 21.0 | 31.1 | 34.8 | 39.3 | 45.6 | 48.0 | 20.6 |
| Neamhphá Iomlán | **375.3** | **394.2** | **423.9** | **432.4** | **453.3** | **470.8** | **494.8** | **119.5** |
| An tIoncam | -2.9 | -2.9 | -4.9 | -1.3 | -1.3 | -1.3 | -1.3 | 1.6 |
| Ollchaiteachas Neamh -Caipiteal | **600.8** | **628.0** | **664.5** | **701.3** | **739.6** | **770.4** | **802.0** | **201.2** |

# Aguisín 3 - Dualgas na hEarnála Poiblí i leith an Chomhionannas agus Cearta an Duine

Oibríonn Tusla ar mhaithe le timpeallacht ionchuimsitheach a bhunú agus a chothú, timpeallacht a chuireann an comhionannas chun cinn, a léiríonn meas ar an ilghnéitheacht agus ar chearta agus ar dhínit gach duine. Leagtar amach san aguisín seo sampla de chláir agus de straitéisí a bhfuil Tusla tiomanta ina leith i saolré an Phlean Chorparáidigh seo. Tá Tusla tiomanta i rith an ama don obair idirghníomhaireachta ar straitéisí agus ar thionscnaimh a chuireann an t-ilghnéitheacht chun cinn agus tá sé tiomanta do, trí chuspóir 3.1. den phlean seo, chur i bhfeidhm na ndualgas a eascraíonn as Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannas agus Cearta an Duine.

## Clár Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta Tusla (TEDI)

Ta **Clár Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta Tusla (TEDI)** taobh thiar de thionscnaimh atá dírithe ar an bpobal ilghnéitheach atá fostaithe ag Tusla agus léiríonn sé a thiomanta agus atá an ghníomhaireachta i leith an chomhionannais, na h- éagsúlachta agus na hionchuimsitheachta. Leagtar amach i gCairt TEDI an chaoi a bhfuil Tusla ag obair i dtreo timpeallacht oibre ionchuimsitheach a thógáil agus a chothú, timpeallacht a chuireann an comhionannas chun cinn, a léiríonn meas ar an ilghnéitheacht agus ar chearta agus ar dhínit gach duine.




## STRAITÉIS Náisiúnta Óige LGBTI+ 2018 – 2020

Ba é an Straitéis Náisiúnta Óige LGBTI+ 2018-2020 an chéad cheann dá leithéid in Éirinn agus sa domhan agus bhí sé bunaithe ar thuairimí na mílte duine óg agus an dream a oibríonn leo, agus a oibríonn ar a son. Chinntigh an straitéis gur cur chuige trasrialtais a bhí ann chun beartais bhreise a chur i bhfeidhm ar mhaithe le tuilleadh feabhais a chur ar shaol dhaoine óga LGBTI+ agus chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na príomhdhúshláin a d'fhéadfadh a bheith amach rompu sa saol ó lá go lá. Tá an Straitéis bunaithe thart ar thrí phríomhsprioc:

**Sprioc 1:** Timpeallacht Shábháilte, Thacúil agus Chuimsitheach a chruthú do dhaoine óga LGBTI+

**Sprioc 2:** Sláinte mheabhrach, Fhisiciúil agus Ghnéasach agus Folláine an Phobail LGBTI+ ar fad a fheabhsú

**Sprioc 3:** An Timpeallacht Taighde agus Sonraí a fhorbairt chun Tuiscint Níos Fearr a Fháil ar Shaol na ndaoine óga LGBTI+

Bhí réimse leathan i gceist le gníomhartha na straitéise, fearacht scoileanna, institiúidí ardoideachais, seirbhísí sláinte agus sóisialta, ionaid oibre, seirbhísí don óige agus an pobal i gcoitinne. Leagadh roinnt gníomhartha ar Tusla. Léirigh Plean Corparáideach 2018 – 2020, agus na pleananna gnó a thacaíonn leis, tiomantas Tusla i leith tacú leis an straitéis seo agus na gníomhartha a chur i bhfeidhm. Cuireadh moill ar chuid de na gníomhartha sin in 2020 mar gheall ar Covid-19; táimid tiomanta do chur i bhfeidhm na ngníomhartha sin in 2021 agus táimid diongbháilte i rith an ama i leith a chinntiú go dtugtar a aird ar riachtanais LGBTI+ agus ár seirbhísí á soláthar againn.




STRAITÉIS Náisiúnta Óige LGBTI+ 2018 – 2020 Ar fáil ag:
https://assets.gov.ie/24459/9355b474de34447cb9a55261542a39cf.pdf

## An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Taistealaithe agus Romach 2017 -2021

Cur chuige uile-rialtais atá i gceist leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Taistealaithe agus Romach atá ar mhaithe le feabhas a chur, ar bhealaí atá praiticiúil agus follasach, ar shaol na dTaistealaithe agus na Romach in Éirinn. D'oibrigh Ranna éagsúla le chéile chun gníomhartha a aithint a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun feabhas ceart a chur ar chaighdeán maireachtála na dTaistealaithe agus na Romaigh. Tá sé mar aidhm aige freisin feabhas a chur ar an gcaidreamh a bhíonn ag na seirbhísí poiblí le pobail na dTaistealaithe agus na Romach in Éirinn.

Is iad seo na téamaí a chlúdaítear sa straitéis: Féiniúlacht Chultúrtha, Oideachas, Fostaíocht agus Geilleagar na dTaistealaithe, Leanaí agus an Óige, Sláinte, Comhionannas Inscne, Frith-idirdhealaithe agus Comhionannas, Seirbhísí Poiblí, An Chóiríocht agus na Pobail Taistealaithe agus Romacha. Tríd an bplean seo tugann Tusla gealltanas go gcuirfear na gníomhartha i bhfeidhm go hiomlán faoin straitéis seo.




An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Taistealaithe agus Romach 2017 -2021 Ar fáil ag:
http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/National_Traveller_and_Roma_Inclusion_Strategy_2017%E2%80%93%202021

## Straitéis Rannpháirtíochta Leanaí agus Óige 2019 – 2023

Nuair atáthar ag obair le leanaí agus le daoine óga tá rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine óga rí thábhachtach ó thaobh an chur chuige leanbhlárnach. Teastaíonn ó Tusla go mbeadh leanaí agus daoine óga páirteach ó thaobh cinntí a ghlacadh. Is í an Straitéis Rannpháirtíochta Leanaí agus Óige seo an chéad straitéis rannpháirtíochta dar gcuid, agus chuimsíonn sé an tréimhse 2019-2023. Tá an Straitéis seo bunaithe ar an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht (2015 – 2020) agus ba cheart í a léamh in éineacht leis (ar fáil ag: https://assets.gov.ie/24462/48a6f98a921446ad85829585389e57de.pdf). Leagtar amach sa Straitéis seo an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag Tusla tacú le nósmhaireacht na rannpháirtíochta agus é a chur chun cinn sna seirbhísí a bhíonn á gcur ar fáil Tusla féin agus sna seirbhísí atá á maoiniú ag Tusla, agus cúig phríomhchuspóir straitéiseach sainaitheanta, a bhfuil sraith gníomhaíochtaí mar bhonn agus mar thaca acu, c hun an rannpháirtíocht a threisiú ar fud na heagraíochta.




An Straitéis Rannpháirtíochta Leanaí agus óige 2019 – 2023 Ar fáil ag :
https://www.tusla.ie/uploads/content/tusla_child_and_youth_participation_strategy-2019-2023.pdf

# Aguisín 4 - Ár Luachanna trí Iompraíochtaí

| Ár Luachanna | Céard a chiallaíonn sé seo | Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach? | Taispeánaim é seo mar fhostaí nó mar cheannaire nuair a... | Feicim é seo i mo Fhoireann / Ghníomhaireacht nuair a... | Feiceann na gníomhaireachtaí agus na seirbhísí a n-oibrím leo é seo nuair a... | Feiceann na daoine a gcabhraítear leo é seo nuair a bhím féin agus mo fhoireann ... |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iontaobhas** | a bheith iontaofa, macánta agus fírinneach agus freagrach do na daoine a gcabhraím leo | Tá sé de cheart againn ar fad ár dtuairimí a chur in iúl, éisteacht a fháil agus meas a bheith léirithe ar ár bpríobháideacht | dhéanaim de réir mo ghealltanais agus bím oscailte d'aiseolas a thugann léargas ar dhearcadh dhaoine eile | chuirimid am go leataobh chun labhairt go hoscailte faoi na nithe a bhfuilimid go maith acu, agus na rudaí nach bhfuilimid go maith acu agus na bealaí a bhféadfaimis é sin a fheabhsú | léirímid go soiléir dóibh conas is féidir leo cabhrú linn agus ceiliúradh a dhéanamh in éineacht linn nuair a éiríonn go maith linn /nuair éiríonn linn ár ndúshláin a shárú | ag fiafraí díobh conas atá mé/ muid ag déanamh ó taobh cabhrú leo agus conas is féidir liom/linn feabhsú |
| **Meas** | meas a léiriú, caitheamh le daoine eile ar an mbealach céanna ar mhaith liom go gcaithfeadh siadsan liomsa | Tá sé de cheart againn uilig go léireofaí meas orainn agus nach mbeadh leithcheal á dhéanamh orainn | dhéanaim cumarsáid le daoine ar bhealach a thuigfidh siad agus nuair a thugaim éisteacht dóibh ar bhealach a chabhraíonn liomsa | úsáidimid na focail "muid" i bhfad níos minice ná "iad" agus go bhféachaimid ar rath agus ar fhadhbanna mar rudaí atá againn i bpáirt agus a bhfuilimid ar fad freagrach astu | bhímid ionchuimsitheach agus ag comhoibriú le gníomhaireachtaí agus le seirbhísí eile a chabhraíonn linn ár bhfís a bhaint amach | de shíor ag cur ceisteanna chun láidreachtaí agus rudaí dearfacha a aimsiú saol a chabhróidh linn na spriocanna coitinn atá againn a bhaint amach |
| **Cineáltas** | a bheith cineálta bíonn trua agam do dhaoine agus tugaim aire do dhaoine a dteastaíonn mo chabhair uathu | Tá sé de cheart againn uilig go gcaithfí linn go macánta agus go mbeadh baint againn leis na cinntí a mbíonn tionchar acu orainn | cinntím go gcuirim dearcadh dhaoine eile san áireamh i mo chuid machnaimh agus i mo chuid smaointe | chabhraítear le comhghleacaí a bhíonn ag streachailt nó ag iarraidh cúnaimh | bhíonn meas léirithe ar an obair a bhíonn déanta ag daoine eile | comhbhách nuair a bhíonn cinneadh le míniú fiú más cinneadh deacair a bhíonn i gceist |
| **Cumasú** | ciallaíonn cumasú go n-oibrím go dian ag tacú le daoine eile a ndícheall a dhéanamh agus a n-acmhainneacht a bhaint amach | Tá sé de cheart againn comhionannas ó thaobh deiseanna a bheith againn agus má bhíonn éagothroime i gceist ní mór dúinn tacú leis na daoine sin chun a gcearta a bhaint amach | oibriú go dícheallach agus tréan iarracht a dhéanamh ar son duine a bhfuilim ag cuidiú leis ionas gur féidir leis barr a maitheasa a bhaint amach agus táim tiomanta freisin d'fheabhas leanúnach a chur ar mo chuid eolais agus scileanna | leagaimid síos spriocanna agus oibrímid le chéile chun iad a bhaint amach agus geallaimid go ndéanfar an fhoireann agus á gceannairí a fhorbairt ar mhaithe leis na caighdeáin is airde a bhaint amach | oibrímid i bpáirt leo ó thaobh pleanála agus seachadadh seirbhísí agus go dtacaímid leo agus iad ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach | ag tabhairt le fios go bhfuilimid sásta oibriú go dícheallach chun cabhrú leo teacht ar réitigh a oibreoidh dóibh féin agus don dteaghlach ag an am sin agus sa todhchaí |





# Aguisín 5 - Creat Feidhmíochta an Aire sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais agus Óige. 2021 - 2023


| | | | |
|---|---|---|---|
| **PRIONSABAIL** | 1 | Daonlárnach | Go bhfuil Tusla agus gach beartas, nós imeachta agus soláthar dá chuid dírithe ar an duine, ar inrochtaineacht agus ar fhreastal ar riachtanais agus ar leas úsáideoirí na seirbhíse. |
| | 2 | Seirbhísí ardchaighdeáin atá tráthúil | Go leagfaidh Tusla síos agus go gcomhlíonfaidh sé na caighdeáin is airde ó thaobh feidhmíochta de agus go soláthróidh sé rochtain tráthúil agus é ag cur seirbhísí ar fáil. |
| | 3 | Bainistíocht agus rialachas éifeachtach: | Go gcuirfidh Tusla ar fáil, i ngach réimse agus ag gach leibhéal, seirbhísí a bheidh pleanáilte, seachadta, á mbainistiú agus á measúnú go héifeachtach agus go héifeachtúil. |
| | 4 | Trédhearcacht, cuntasacht agus comhsheasmhacht: | Go bhfeidhmeoidh Tusla ar bhealach trédhearcach, freagrach agus seasmhach ó thaobh gach gné dá chuid oibre: rialachas, bainistíocht, seachadadh agus feidhmíocht. |
| | 5 | Réamhghníomhach, comhréireach agus forásach: | Go mbeidh Tusla réamhghníomhach, comhréireach agus forásach ó thaobh leas agus folláine leanaí agus a dteaghlaigh a chur chun cinn agus a chosaint, trí dheá-chleachtas i leith seachadadh na seirbhísí agus na dtacaíochtaí. |
| | 6 | dtacaíochtaí. | Go soláthróidh Tusla ardleibhéil chomhordaithe agus chomhoibrithe go hinmheánach ar fud a chuid stiúrthóireachtaí seirbhíse, go déthaobhach leis an Aire agus lena Roinn, agus go seachtrach trí obair éifeachtach idirghníomhaireachta, go háirithe leis an nGarda Síochána agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. |
| | 7 | Comhordaithe agus comhoibríoch | Go leagfaidh Tusla béim ar leith ar chumarsáid leis an bpobal, le páirtithe leasmhara agus leis an Roinn. |
| | 8 | Luachanna agus gairmiúlacht na seirbhíse poiblí | Go mbeidh Tusla á rialú agus á bhainistiú bunaithe ar na leibhéil is airde luachanna agus gairmiúlachta a bhaineann le seirbhísí poiblí agus go gcuimseoidh sé na luachanna agus na cáilíochtaí sin i ngach réimse dá chuid oibre. |
| **TOSAÍOCHTAÍ NA BHFEIDHMÍOCHTA CORPARÁIDEACHA** | 1 | Ceannasaíocht i leith an Chomhoibrithe | Tiomantas corparáideach don cheannasaíocht go hinmheánach agus don chomhoibriú éifeachtach agus straitéiseach le leanaí agus le daoine óga, teaghlaigh, an tAire, Ranna Rialtais, comhlachtaí Stáit, an earnáil phobail agus dheonach, páirtithe leasmhara, agus gníomhaireachtaí eile ar mhaithe le forbairt, leas agus feabhas ar thorthaí a chur chun cinn don lear mór daoine ilghnéitheacha a úsáideann seirbhísí na Gníomhaireachta. |
| | 2 | Ard-Rialachas Cáilíochta agus Cinnteoireachta: | Nósanna imeachta a leagann béim ar fheidhmíocht, ar fhreagracht agus ar thrédhearcachta ardchaighdeáin a dhaingniú ar fud na heagraíochta, ag úsáid nuálaíocht sa teicneolaíocht agus rochtain ar shonraí agus ar fhianaise, chun an fhoghlaim a roinnt agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar a chuirfidh forbairt, leas agus feabhas ar thorthaí chun cinn don lear mór daoine ilghnéitheacha a úsáideann seirbhísí éagsúla na Gníomhaireachta ar fud an chontanaim riachtanais ar fad. |
| | 3 | Foireann Oibre Oilte & Fhreagrúil | Foireann oibre atá ilghnéitheach, oilte agus rí-ghairmiúil a fhorbairt agus a choinneáil, foireann a fhreagróidh go héifeachtach agus a léireoidh ardchumas gairmiúil ó thaobh forbairt, leas agus feabhas ar thorthaí a chur chun cinn don lear mór daoine ilghnéitheacha a úsáideann seirbhísí éagsúla na Gníomhaireachta ar fud an chontanaim riachtanais ar fad. |
| **TOSAÍOCHTAÍ FEIDHMÍOCHTA SEIRBHÍSE** | 1 | Cosaint ó Chontúirt agus Cur Chun Cinn Leasa | Tá sé ar chumas seirbhísí daonlárnacha contúirt, díobháil agus riachtanais leasa nach ndéantar freastal orthu a aithint agus freagairt dóibh, ar bhealach atá seasta agus tráthúil ar mhaithe le leas an lear mór daoine ilghnéitheacha a úsáideann seirbhísí na Gníomhaireachta, a chur chun cinn (lena n-áirítear Leas agus Cosaint Leanaí, Pleanáil Sábháilteachta, Foréigean Teaghlaigh, Gnéas agus Inscne bhunaithe, Maoirseacht ar Bhannaí, Ceartas i leith na hÓige, Tús Áite do Leanaí, Leanaí Scartha, UAM, IRPP) |
| | 2 | Teaghlaigh agus Pobail Láidre agus Thacúla | Cuireann seirbhísí daonlárnacha ar chumas teaghlaigh agus pobail na leanaí agus na daoine óga a choinneáil slán ó dhíobháil tríd an tsláinte mheabhrach, fhisiciúil, mhothúchánach, shóisialta agus oideachasúil a chur chun cinn (lena n-áirítear Tacaíocht Teaghlaigh, Roghanna Pobail Ildánacha, An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais, Uchtáil, Seirbhísí don Aos Óg, Tuismitheoireacht, Oideachas Luathbhlianta). |
| | 3 | Barr Feabhais i leith Beartais agus Oibriúcháin | Tagann na beartais agus na hoibríochtaí daonlárnacha leis na creataí beartais/ reachtaíochta ar an gcomhionanna, rialachais agus rialála, agus cuireann siad leasuithe agus dea-chleachtais chun cinn i ngach réimse, agus ag an am céanna tacaíonn siad le forbairt agus seachadadh na reachta, na mbeartas agus na leasuithe oibríochtúla. |

# Aguisín 6 - Athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach 2018 - 2020

Leagtar de cheanglas ar an nGníomhaireacht in Alt 42(2)(b) den Acht um Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013, go gcuimseodh sí laistigh dá Plean Corparáideach athbhreithniú agus Meastóireacht ar obair na Gníomhaireachta i leith chomhlíonadh a feidhme reachtúil sna trí bliana roimhe sin. Bhí an t-athbhreithniú seo déanta i gcomhréir leis an gceanglas seo. Bhí an t-athbhreithniú seo déanta chomh maith chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Phlean Chorparáidigh 2021 – 2023. Bhí Plean Corparáideach 2018 – 2020 bunaithe ar Chreat Feidhmíochta DCEDIY 2018 – 2020 agus leiríodh ann tosaíochtaí breise a bhí aitheanta ag an nGníomhaireacht a bhain le feabhsúcháin ar rialachas, ar mhaoirseacht agus ar rialú. Sa Phlean Corparáideach 2018 – 2020, leagadh amach seacht gcuspóir straitéiseach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| 1. Tacaíochtaí agus Seirbhísí Comhtháite | Cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm ar fud na Gníomhaireachta ó thaobh na dtacaíochtaí agus na seirbhísí ar fad atá ag Tusla agus conairí freagartha shoiléire leis, ar mhaithe le torthaí níos fearr a bhaint amach. |
| 2. Feidhm Rialála | Chun rialáil sheasta agus chomhréireach a dhéanamh ar sheirbhísí agus usáid á bhaint as Creatlaí Dearbhú agus Rialála lena chinntiú go gcomhlíontar na dualgais agus chun feabhsúchán ar sheirbhísí do leanaí a chur chun cinn. |
| 3. Torthaí ardchaighdeáin bunaithe ar fhianaise, dírithe agus iontomhaiste | D'fhonn a chinntiú go mbeidh na seirbhísí a sholáthróidh Tusla agus a ndéanfaidh sí coimisiúnú orthu sábhailte, faoi dheacheannasaíocht, bunaithe ar fhianaise, dírithe ar thorthaí agus intomhaiste |
| 4. Caidreamh, Comhoibriú agus Comhpháirtíocht | D'fhonn caidreamh comhpháirtíochta, cleachtais rannpháirtíochta agus cumarsáid éifeachtach a bhunú leis na príomhpháirtithe leasmhara ar fad ar mhaith le cur chuige comhordaithe ó thaobh seachadadh seirbhísí de |
| 5. Beartas agus Reachtaíocht | Tacú le beartais agus reachtaíocht an rialtais agus eolas a chur ar fáil dóibh trí fhorbairt agus comhordú a dhéanamh ar bheartais, straitéisí, cláir agus creatlaí Tusla |
| 6. Seirbhísí Corparáideachachun | Chun a chinntiú go mbeidh na Seirbhísí Corparáideacha (Eastáit, Airgeadais, Rialachais, Acmhainní Daonna, TFC, Dlíthiúil ) éifeachtach ó thaobh tacú le seachadadh Sheirbhísí Tusla |
| 7. Daoine, Nósmhaireacht agus Foghlaim | Na daoine atá againn san eagraíocht a chumasú trí nósmhaireacht a thacaíonn le luachanna agus leis an bhfoghlaim a fhorbairt agus a chur chun cinn |

Aithníodh 69 gníomh de chuid an Phlean Chorparáidigh faoi na cuspóirí seo, iad uilig mar bhonn agus mar thaca do na 575 gníomh a leagadh amach sna Pleananna Gnó ó 2018 go dtí 2020. Díríodh thar rud ar bith eile ar infreastruchtúr corparáideach na Gníomhaireachta a fhorbairt chun féin-leordhóthanacht a bhaint amach agus d'éirigh le Tusla dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtaca leis seo. Tá fianaise láidir ann go bhfuil bonneagar corparáideach níos fearr ag an nGníomhaireacht anois agus go bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil do leanaí/daoine óga agus do theaghlaigh ar bhealach níos tráthúla agus go bhfuil níos mó béime ar thosaíocht a thabhairt do na cásanna is práinní. Mar chuid de phróiseas forbartha an Phlean Chorparáidigh 2018 – 2020, bhí athbhreithniú déanta ar stádas gach ceann de na gníomhartha seo. Ní raibh curtha i bhfeidhm ach 25% de na ghníomhartha a bhí leagtha amach i bPlean Corparáideach 2015 - 2017, ag deireadh na tréimhse 3 bliana sin. Sa tréimhse pleanála corparáidí 2018 – 2020, cuireadh i gcrích 70% de na gníomhartha agus tarraingíodh siar 30% eile acu. Is ar na cúiseanna seo a leanas a bhíonn gníomhartha tarraingthe siar ó rianú na Sraithe Pleanála Gnó (1) tá na gníomhartha fós á gcur chun cinn agus aistríodh iad ó rianú an Phlean Gnó go dtí rianú an phlean seirbhíse áitiúil (2) cuireadh moill ar ghníomhartha agus tá siad curtha isteach anois leis na ngníomhartha atá leagtha amach i bPlean Gnó 2021 nó (3) ní rabhthas in ann iad a chur i gcrích mar de bharr cúiseanna inmheánacha nó seachtracha. Tugtar eolas sa ghraf agus sa tábla seo thíos i dtaobh líon agus stádas na ngníomhartha a thagann faoi gach ceann de na seacht gcuspóir straitéiseacha:




| Cuspóir Straitéiseach | Curtha i gcrích | Tarraingthe siar | Mór-Iomlán |
|---|---|---|---|
| Cuspóir Straitéiseach 1 | 98 | 44 | 142 |
| Cuspóir Straitéiseach 2 | 17 | 4 | 21 |
| Cuspóir Straitéiseach 3 | 33 | 13 | 46 |
| Cuspóir Straitéiseach 4 | 42 | 21 | 63 |
| Cuspóir Straitéiseach 5 | 44 | 15 | 59 |
| Cuspóir Straitéiseach 6 | 164 | 63 | 227 |
| Cuspóir Straitéiseach 7 | 6 | 11 | 17 |
| Mór-Iomlán | 404 | 171 | 575 |

D'ainneoin na ndúshlán, a d'eascair as ár dtimpeallacht oibre, lean na clochmhílte agus na hathruithe suntasacha a d'éirigh leis an nGníomhaireacht a chur i gcrích ó bunaíodh í ar aghaidh le linn tréimhse feidhme an Phlean Chorparáidigh 2018 – 2020 agus déantar mionchur síos ar na héachtaí sin sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna ráitis airgeadais (ar fáil ag https://www.tusla.ie/publications/annual-reports/)

## Conclúid

Is é conclúid an athbhreithnithe seo gur thug an ghníomhaireacht gealltanas i leith leibhéal suntasach gníomhaíochta sa tréimhse 2018 – 2020 ach nach raibh cur chuige daingean ná comhtháite ann maidir leis an gcaoi a mbainfí amach na cuspóirí, mar a leagadh amach iad. Léiríonn líon na ngníomhaíochtaí a tarraingíodh siar gurb amhlaidh a bhí. Cé gur éirigh leis an ngníomhaireacht cuid mhaith a bhaint amach sa tréimhse seo, ba dheacair don athbhreithniú seo toradh na ngníomhaíochtaí sin a thomhas. Agus Plean Corparáideach 2021 – 2023 á fhorbairt, caithfidh an ghníomhaireacht a bheith feasach ar na dúshláin sin agus cur chuige níos daingnithe agus níos comhtháite a úsáid chun spriocanna atá sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama a aithint agus iad a chur i bhfoirm spriocanna fiúntacha agus léargas a thabhairt ar an gcúis a bhfuilimid ag iarraidh na spriocanna sin a bhaint amach.

# Aguisín 7 - Bearta bonnlíne

Roghnaíodh na táscairí seo a leanas lena dtomhas le linn shaolré an Phlean Chorparáidigh seo:

## LIOSTAÍ FEITHIMH

| Sprioc Charnach 2023 | Bonnlíne 2020 | An Sprioc 2021 | An Sprioc 2022 | An Sprioc 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Laghdú 30% ar chásanna cosanta & leasa leanaí a bhí ag fanacht le sannadh oibrí sóisialta (Leanaí faoi Chúram san áireamh) | 4,239 | ↓ 10% ar Bhonnlíne 2020 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2021 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2022 |
| Laghdú 30% ar chásanna mí-úsáide siarghabhálacha a bhí ag fanacht le sannadh oibrí sóisialta | 642 | ↓ 10% ar Bhonnlíne 2020 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2021 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2022 |
| Laghdú 30% ar chásanna mí-úsáide siarghabhálacha ardtosaíochta a bhí ag fanacht le sannadh oibrí sóisialta | 67 | ↓ 10% ar Bhonnlíne 2020 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2021 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2022 |
| Laghdú 30% ar líon na leanaí faoi chúram a bhí ag fanacht le sannadh oibrí sóisialta | 397 | ↓ 10% ar Bhonnlíne 2020 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2021 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2022 |
| Laghdú 30% ar Dhaoine Óga/aosaigh a fhaigheann seirbhís iarchúraim (agus a measúnaíodh mar oibrí iarchúraim de dhíth) ag fanacht le hoibrithe iarchúraim | 187 | ↓ 10% ar Bhonnlíne 2020 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2021 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2022 |
| Laghdú 30% ar chúramóirí altrama Ginearálta a bhí ag fanacht ar shannadh oibrí nasc (sóisialta) | 229 | ↓ 10% ar Bhonnlíne 2020 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2021 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2022 |
| Laghdú 30% ar chúramóirí altrama Coibhneasta a bhí ag fanacht ar shannadh oibrí naisc (sóisialta) | 78 | ↓ 10% ar Bhonnlíne 2020 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2021 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2022 |
| Laghdú 30% ar chásanna Uchtála a bhí ag fanacht le seirbhísí faisnéise agus rianaithe | 554 | ↓ 10% ar Bhonnlíne 2020 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2021 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2022 |
| Laghdú 30% ar an Scoil Baile: leanaí ag fanacht ar mheasúnú le haghaidh clárúcháinun (faoi Sheirbhísí Measúnachta agus Clárúcháin Oideachais Malartaigh) | 1,435 | ↓ 10% ar Bhonnlíne 2020 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2021 | ↓ 10% ar fhigiúr dúnta 2022 |

## CÁILÍOCHTA

| | Bonnlíne 2020 | Sprioc 2023 | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Iarratais ar Rochtain Ábhar Sonraí agus iarratais ar Shaoráil Faisnéise a freagraíodh laistigh de na hamlínte reachtúla | Níl sé ar fáil | 100% | Forbairt Méadrach 2021/ Tuairisciú 2022 |
| Comhlíonadh na gcaighdeán (bunaithe ar chaighdeáin a ndearnadh cigireacht orthu agus a bhí chomhlíontach/comhlíonta den chuid is mó) – Cosaint agus Leas Leanaí | 61% | ↑ 10% | Plean Gnó chun mionsonrú a dhéanamh ar an sprioc |
| Comhlíonadh na gcaighdeán (bunaithe ar chaighdeáin a ndearnadh cigireacht orthu agus a bhí chomhlíontach/ comhlíonta den chuid is mó ) Altramas | 76% | ↑ 10% | |
| Comhlíonadh na gcaighdeán (bunaithe ar chaighdeáin a ndearnadh cigireacht orthu agus a bhí comhlíonta/comhlíonta den chúis is mó ) - Cúram Cónaitheach | 89% | ↑ 10% | |
| Comhlíonadh na gcaighdeán (bunaithe ar chaighdeáin a ndearnadh cigireacht orthu a bhí chomhlíontach/ comhlíonta den chuid is mó) – Aonaid Chúraim Speisialta | 36% | ↑ 10% | |
| Comhlíonadh - Athbhreithnithe reachtúla Leanaí faoi Chúram atá déanta agus a bhfuiltear ag súil leo | 80% | 100% | |
| Na seirbhísí luathbhlianta a raibh cigireacht déanta orthu uair amháin ar a laghad sa tréimhse clárúcháin trí bliana | 4,210 | 100% | 1013 seirbhís a haithníodh mar sheirbhísí ar ghá cigireacht a dhéanamh orthu in 2021. Tugadh ardtosaíocht don chigireacht seo sa bhreis ar chigireachtaí eile. Cinneadh fós le glacadh maidir le líon na seirbhísí a mbeidh cigireachta le déanamh orthu in 2022/2023 |
| Déanfar cigireacht ar gach Ionad Cónaithe Príobháideach, ar a laghad, uair sa bhliain | 140 | 100% | |
| Seirbhísí ardriosca a ndearnadh cigireacht orthu gach bliain | 421 | 100% | Is féidir le figiúr bonnlíne athrú - athbhreithnithe déanta go bliantúil de bharr faisnéis gan iarraidh, faisnéis chigireachta agus athruithe ar sheirbhísí |
| Cinntí maidir le Fógraí an Gharda Síochána a déanadh go tráthúil | TBC | 100% | Forbairt Méadrach 2021/Tuairisciú 2022 |
| Sprioc a mhéadú i leith na ngearán dúnta a réitíodh go háitiúil | 25% | 40% | Méadú 5% ar an sprioc bliain ar bhliain |
| Gearáin a bhí ar thaifead mar ghearáin oscailte ar feadh > 12/9/6 mhí | 369 | 0 | Spriocanna Bliain ar Bhliain<br>2021: 0 ngearán taifeadta mar ghearán oscailte >12 mhí<br>2022: > 0 gearán taifeadta mar ghearán oscailte >9 mí<br>2023: > 0 gearán taifeadta mar ghearán oscailte >6 mhí |





## AIRGEADAS

| | Bonnlíne 2020 | Sprioc 2023 | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Difríocht idir na bhuiséid fhoriomlána | -2.1% | 0% Athraitheas | Sprioc Bliain ar Bhliain |
| Leanaí faoi mhíchumas atá faoi chúram agus maoinithe de réir Phrótacal Comhpháirteach FSS/Tusla 2020 | Not Available | 100% | Forbairt Méadrach 2021/Tuairisciú 2022 |

## ACMHAINNÍ DAONNA

| | Bonnlíne 2020 | Sprioc 2023 | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Athraitheas ó na Uimhreacha Pá Inacmhainne | 0% | 0% Variance | Sprioc Bliain ar Bhliain |
| Ráta Coinneála Foirne a Mhéadú | 94.6% | 94.6% | Tabharfaidh an Plean Gnó mionsonrú ar an sprioc bliantúil |
| An Ráta Neamhláithreachais a laghdú | 5.93% | 4% | |

## TFC a chur chun cinn

| | Bonnlíne 2020 | Sprioc 2023 | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| Iarratais ar sheirbhís TFC curtha i gcrích laistigh d'amanna freagartha an Chomhaontaithe Seirbhíse | 60% | 95% | Tabharfaidh an Plean Gnó mionsonrú ar an sprioc |
| Seirbhísí a bhfuil plean bainistíochta sonraí acu | 0% | 100% | |
| Na KPInna de chuid na Gníomhaireachta arna dtuairisciú go huathoibríoch ag réitigh faisnéise gnó digiteacha | 0% | 90% | |
| Na seirbhísí a bhfuil rogha Digital First ar fáil dóibh ar Thairseach Tusla chun go mbeidh an rogha ag úsáideoirí na seirbhíse foirmeacha/aighneachtaí/iarratais/clárúcháin a chur isteach ar líne | 60% | 90% | |
| Na gníomhaíochtaí próiseála seirbhísí a fhaigheann tacaíocht ó na córais dhigiteacha bainistíochta cás | 45% | 90% | |

# Aguisín 8 - Tionscnaimh a Thacaíonn le Cur i bhFeidhm

| Spriocanna an Phlean Chorparáidigh | Tionscnamh |
|---|---|
| **Sprioc 1:**<br>A chinntiú go mbíonn fáil ag leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus pobail ar fhreagairtí ardchaighdeáin atá seasta agus comhtháite ónár seirbhísí ar fad | • An Straitéis um Chosaint agus Leas Leanaí<br>• CASP (Nós Imeachta um Shubstaintiú Mí-Úsáid Leanaí)<br>• Tionscadal Barnahus<br>• An Creat Soláthair Seirbhíse<br>• Clár RGCS (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)<br>• An Clár Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta |
| **Sprioc 4:**<br>A chinntiú go mbíonn na córais agus na seirbhísí Náisiúnta a chuireann an comhtháthú agus an fhreagracht chun cinn ina ag éascú agus ag tacú lenár bhfoirne agus lenár seirbhísí áitiúla | • An Straitéis TFC<br>• An Straitéis Bainistíochta Sonraí<br>• An Straitéis Airgeadais<br>• Straitéis na nEastát |

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Child and Family Agency

www.tusla.ie